An Roinn Cosanta
Department of Defence

Óglaigh na hÉireann
DEFENCE FORCES IRELAND

An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann
# Tuarascáil Bhliantúil 2013

# An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann
# Tuarascáil Bhliantúil 2013

An Roinn Cosanta
Department of Defence

Óglaigh na hÉireann
DEFENCE FORCES IRELAND

© 2014 cóipcheart
An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann

Bóthar an Stáisiúin, An Droichead Nua, Co. Chill Dara.

Teil: (045) 492000 Faics: (045) 49 2017
Glao Áitiúil: 1890 251 890


ISSN: 1649-9999

Taoiseach,

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann le haghaidh 2013 a chur faoi do bhráid.







Maurice Quinn,
Ard-Rúnaí



Leifteanant Ghinearál Conor O'Boyle,
Ceann Foirne

# RÉAMHFHOCAL
## An Taoiseach agus an tAire Cosanta

Tá an-áthas orm an tuarascáil seo a fháil ina dtugtar léargas ar an méid mór oibre a rinne pearsanra sibhialta agus míleata na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann le linn 2013.

Rinneadh roinnt athruithe eagraíochtúla ar an Eagraíocht Cosanta le tamall anuas. Mar gheall ar na hathruithe seo bhíothas ábalta cumais agus aschuir cosanta a choimeád ainneoin sriantachtaí fioscacha reatha.

Gheall an Rialtas go n-ullmhófaí Páipéar Bán ar Chosaint in 2014. Theastaigh ón Rialtas a chinntiú, sula bhfoilseofaí an Páipéar Bán, go mbeadh deis ag an bpobal ar fad tuairimí agus smaointe a roinnt ar chreat Cosanta in Éirinn amach anseo. Chuir an Páipéar Uaine ar Chosaint, a foilsíodh i lár 2013, tús le próiseas comhchomhairleoireachta poiblí maidir leis an bPáipéar Bán. Tháinig aighneachtaí ó réimse leathan foinsí a chuimsigh réimse leathan leasanna. Tugann na hábhair a chlúdaítear léiriú ar mar a bhraitear tríd is tríd faoin tionchar leathan a bhíonn ag cosaint ar shochaí na hÉireann, ní hamháin ar an talamh ach san aer agus ar muir freisin.

Leagann an Rialtas tábhacht ollmhór ar an obair luachmhar a dhéanann Óglaigh na hÉireann laistigh den Stát agus ar fud an domhain. Ní hamháin go léiríonn trúpaí na hÉireann a bhíonn ar dualgas thar lear a dtiomantas gairmiúil agus sainordú na Náisiún Aontaithe á chomhlíonadh acu, ach tugann siad tacaíocht do phobail áitiúla agus spreagann iad trí thionscadail daonnúla agus pobail.

Ní hamháin go dtugann tiomantas agus seirbhís thiomanta Óglaigh na hÉireann sna misin thar lear léargas maith ar Óglaigh na hÉireann féin ach is léiriú maith orainne mar náisiún in iomlán é agus cuidítear chun cáil den scoth na hÉireann mar choimeádaithe síochána ar fud an domhain a choimeád.

Tréaslaím le gach pearsanra sibhialta agus míleata ar chuidigh a saineolas agus a dtiomantas le chomh maith agus a d'éirigh le hUachtaránacht den scoth na hÉireann ar an AE in 2013. Lean Éire clár uaillmhianach sa réimse cosanta agus cuireadh comhráite ag leibhéal an AE ar raon réimsí casta agus tras-earnálacha, mar sábháilteacht agus slándáil san fhearann muirí, cibearshlándáil agus acmhainneachtaí cosanta chun cinn. Léirigh cur chuige dearfach agus comhoibritheach na hÉireann maidir leis an Uachtaránacht go soiléir an tionchar ollmhór is féidir a bheith ag Ballstáit bheaga ar chlár oibre an AE.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a chur in iúl don Ard-Rúnaí, an Ceann Foirne agus a bpearsanra sibhialta agus míleata as an obair ar fad a rinne siad agus ar a dtugtar léiriú sa tuarascáil seo.





Enda Kenny TD,
An Taoiseach agus an tAire Cosanta

# CLÁR


| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | **9** |
| **Cuid 1 : An Beartas Cosanta** | **11** |
| **Cuid 2 : A Chinntiú go Bhfuil Acmhainn Againn Le Seachadadh** | **21** |
| **Cuid 3 : Aschuir Oibríochta Óglaigh na hÉireann** | **41** |
| **Aguisín 1 : Faisnéis Airgeadais** | **53** |
| **Aguisín 2 : Grúpaí Oibre Tras-Earnálacha a Bhfuil Ionchur Acu Ón Roinn Cosanta** | **57** |
| **Aguisín 3 : Meabhráin Tuisceana (MOUS) Agus Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (SLAS)** | **61** |
| **Aguisín 4 : Forbhreathnú Ar Úsáid Fuinnimh in 2013** | **65** |

# RÉAMHRÁ

Sa Tuarascáil Bhliantúil seo déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann le linn 2013. Déantar feidhmíocht a athbhreithniú de réir na gceannteideal agus na cuspóirí clár atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 2011 - 2014.

Leis an Ráiteas Straitéise don tréimhse 2011-2014 socraítear Sprioc Ardleibhéil na hEagraíochta Cosanta[1] mar atá:

*Soláthar a dhéanamh do chosaint mhíleata an Stáit, cur le síocháin agus slándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gach ról eile arna sannadh ag an Rialtas a chomhlíonadh.*

Tá trí ghné straitéiseacha atá éagsúil ach comhlántach ag an am céanna riachtanach chun an Sprioc Ardleibhéil a chomhlíonadh. Is iad sin:

1. An Beartas Cosanta
2. An Cumas Seachadadh a Chinntiú
3. Aschuir oibriúcháin Óglaigh na hÉireann

Tá na ceannteidil sin mar bhunús do na codanna aonair sa tuarascáil seo.

Comhlíontar leis an tuarascáil seo ceanglais Alt 4(1) (b) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 maidir le tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Aire ar fheidhmíocht de réir spriocanna straitéiseacha.

Fonóta

1 Seo a leanas an téarmaíocht a bhíonn in úsáid sa Tuarascáil Bhliantúil seo; tagraíonn an téarma 'Cosaint' do sholáthar ginearálta cosanta in Éirinn agus sin comhdhéanta de ghnéithe sibhialta agus míleata; tagraíonn "an Eagraíocht Chosanta" don eargraíocht shibhialta agus mhíleata; tagraíonn "Óglaigh na hÉireann" don eagraíocht mhíleata féin.

CUID 1

# An Beartas Cosanta

## Faisnéis Cúlra

Cuimsíonn an beartas Cosanta gach gné den soláthar Cosanta agus tugtar tacaíocht leis don ghá atá ann a chinntiú go gcoimeádfadh agus go bhforbródh an Stát cumais mhíleata oiriúnacha agus é ag féachaint chuig timpeallacht chosanta agus slándála. Ina theannta sin, tugann an Roinn Cosanta raon leathan de thacaí beartais don Aire chun cabhrú leis ina ról mar cheann na Roinne Cosanta.

Tá gnéithe sibhialta agus míleata ag an Eagraíocht Cosanta, a oibríonn le chéile chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais an Aire agus an Rialtais um Chosaint. Is é an tArd-Rúnaí príomhchomhairleoir an Aire ar an mbeartas cosanta, agus gníomhaíonn an Ceann Foirne mar phríomhchomhairleoir míleata an Aire.

I ndáil leis an timpeallacht slándála sa bhaile, cuimsíonn creat an bheartais chosanta, inter alia, obair na hOifige Pleanála Éigeandála agus Meabhráin Tuisceana agus Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le Ranna Rialtais eile agus Gníomhaireachtaí Stáit, thar raon éagsúil ról.

Áirítear freisin i gcreat an bheartais chosanta, i gcomhpháirt leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ionchuir chosanta chun síocháin agus slándáil dhomhanda agus réigiúnach a choimeád, lena n-áirítear forbairt leanúnach ar Chomhbheartas Slándála agus Cosanta na hEorpa.

Pléitear saincheisteanna straitéiseacha cosanta ag an **gCoiste Bainistíochta Straitéisí** (SMC). Is é atá sa SMC comhchoiste sibhialta-míleata a chuimsíonn Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta (Cathaoirleach), an Ceann Foirne, an bheirt Ard-Rúnaithe Cúnta, an Stiúrthóir, an bheirt Leas-Cheann Foirne agus an Ceann Foirne Cúnta. Freastalaíonn an Ginearáloifigeach i gCeannas an Aerchóir agus an Ceannasóir i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh i ndáil le hábhar a mbíonn tionchar acu ar a gcuid seirbhísí. Bíonn cruinnithe míosúla ag an SMC. Déanann an tAire Cosanta cathaoirleacht ar bhonn tréimhsiúil ar an SMC.

Déanann an Stiúrthóir, an Roinn Cosanta agus an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) cathaoirleacht i dteanna a chéile ar an **nGrúpa Ardleibhéil um Pleanáil agus Soláthar** (HLPPG). Tháinig an Grúpa sin chun cinn de thoradh moltaí sa Pháipéar Bán ar Chosaint (2000). Cúram lárnach den chomhghrúpa sibhialta-míleata sin riachtanais trealaimh a aithint agus aontú ar chlár soláthair chun an cineál agus na méideanna trealaimh a chur ar fáil d'Óglaigh na hÉireann atá riachtanach chun na róil arna sannadh dóibh a chomhlíonadh.

Lean an **Coiste Náisiúnta Slándála** ar aghaidh ag reáchtáil cruinnithe agus ag fáil mionteagasc go rialta le linn na bliana. Is iad comhaltaí an choiste, a bhfuil an tArd-Rúnaí don Rialtas mar chathaoirleach air, Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Coimisinéir an Gharda Síochána, Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta, Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann agus Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Faigheann an coiste measúnachtaí ar an mbagairt ó Choimisinéir an Gharda Síochána agus ón gCeann Foirne agus athbhreithnítear an staid slándála fhoriomlán sa timpeallacht intíre agus idirnáisiúnta.

## Faisnéis Mhíleata

Le linn 2013, lean Stiúrthóir na Faisnéise Míleata ar aghaidh ag tabhairt measúnuithe tráthúla agus cruinne ar chosaint agus ar shlándáil don Aire Dlí agus Cirt agus Cosanta maidir le Slándáil an Stáit agus sábháilteacht agus slándáil chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann arna n-imscaradh thar lear ar oibríochtaí tacaíochta síochána. Cuireadh achoimrí míosúla faisnéise ar fáil don Aire agus tugadh measúnachtaí ar an mbagairt agus coimrí de réir mar a bhí gá. Bíonn iarracht fhaisnéise Óglaigh na hÉireann comhchuibhithe le hiarracht an Gharda Síochána. Léirítear i bhFíor 1.1. thíos forbhreathnú ar líon na gcoimrí agus measúnachtaí a cuireadh ar fáil le linn 2013.





*Figure 1.1 Soláthar cruinnithe faisnéise & measúnachtaí faisnéise*

Rinne Faisnéis Mhíleata monatóireacht agus anailís ar na timpeallachtaí slándála ina ndearnadh oibríochtaí tacaíochta síochána Óglaigh na hÉireann, agus béim faoi leith curtha ar chosaint an fhórsa. Agus é sin á dhéanamh, tugann Faisnéis Mhíleata leibhéil d'fheasacht staide, measúnachtaí rabhaidh luath agus bagartha d'aonaid agus do thrúpaí a bhíonn i mbun dualgas thar lear chun tacú le stiúradh rathúil oibríochtaí.

## An Páipéar Bán ar Chosaint

Ó foilsíodh i 2000 é tá creat beartas á sholáthar ag an bPáipéar Bán ar Chosaint. Tacaíonn an chinnteacht phleanála a eascraíonn ó fhorálacha beartais an Pháipéir Bháin leis an bpróiseas nuachóirithe laistigh den Eagraíocht Cosanta. Ina theanna sin tugann sí dóthain solúbthachta chun cumais oiriúnacha a fhorbairt mar fhreagra ar athruithe sa timpeallacht chosanta agus slándála.

I ndiaidh faomhadh ón Rialtas Páipéar Bán nua a ullmhú ar Chosaint, d'fhoilsigh an tAire Páipéar Uaine ar Chosaint, i mí Iúil 2013. Ba é sin an chéad Pháipéar Uaine ar Chosaint ó bunaíodh an Stát agus thionscain a fhoilsiú próiseas comhairliúcháin phoiblí, mar chuid d'fhorbairt an chéad Pháipéar Bán eile ar Chosaint. Soláthraíodh leis an bPáipéar Uaine athbhreithniú cuimsitheach ar an gcreat oibre beartas mar aon le measúnú ar chosaint sa todhchaí agus an timpeallacht slándála. Sa chomhthéacs sin, leagadh amach roinnt ceisteanna a bhí dírithe ar bheartas chun cuidiú leo siúd a mba mhian leo aighneacht a dhéanamh. Fuarthas 122 aighneacht i scríbhinn i rith na tréimhse comhairliúcháin.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, tugadh cuireadh do roinnt daoine aonair agus eagraíochtaí bualadh leis an bhfoireann sibhialta agus mhíleata i ndiaidh na haighneachtaí i scríbhinn a bheith déanta. Tharla na cruinnithe sin le linn mhí na Samhna agus na Nollag 2013 agus isteach i mí Eanáir 2014.

Bhíothas i mbun idirbheartaíochta le Ranna Rialtais freisin maidir le saincheisteanna beartas leathana agus na héilimh is dóigh a bheidh ann sa todhchaí ó chomhlachtaí Rialtais agus ó ghníomhaireachtaí Stáit. Leanfar i mbun idirbheartaíocht mar is gá, le linn phróiseas an Pháipéir Bháin. Lorgaíodh dearcaí na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin agus fócas ar leith ar threochtaí sa todhchaí maidir le hoibríochtaí tacaíochta síochána idirnáisiúnta.

Tá obair ar an bPáipéar Bán ag leanúint ar aghaidh agus meastar go gcuirfear dréacht faoi bhráid an Rialtais lena bhreithniú sa dara leath de 2014.

## Sain-cheisteanna Tras-rannacha

Tá gnéithe tábhachtacha tras-rannacha ag baint le hobair na hEagraíochta Cosanta. Tá ionadaíocht ag oifigigh Roinne agus ag pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann ar roinnt grúpaí agus coistí tras-rannacha a dhéanann réimse saincheisteanna leathana a mbíonn tionchar acu ar an Rialtas a bhreithniú. Tá liosta de na Grúpaí ag a bhfuil ionadaíocht ag an Eagraíocht Cosanta san áireamh in Aguisín 2 den tuarascáil seo.



## Slándáil intíre agus tacaíocht

Murab ionann agus go leor náisiún eile, soláthraíonn Óglaigh na hÉireann réimse leathan d'aschuir oibríochta sa bhaile, ar bhonn laethúil agus thar speictream leathan. Áirítear leo gníomhaíochtaí a thacaíonn leis an nGarda Síochána mar thionlacan airgid tirim, thionlacan do phríosúnaigh agus diúscairt ordanáis phléascaigh. Áirítear leis freisin seirbhís cosanta iascaigh a sholáthar, seirbhís otharchairr aeir a sholáthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus tacaíocht a thabhairt do na húdaráis sibhialta thar réimse leathan teagmhasachtaí, lena n-áirítear cúnamh d'údaráis áitiúla le linn géarchéimeanna aimsire crua mar thuilte. Áit a gcuirtear seirbhísí ar fáil do Ranna Rialtais agus do ghníomhaireachtaí eile ar bhonn rialta i gcás gnáthsheirbhísí, aontaítear ar shocrú foirmiúil mar Mheabhrán Tuisceana (MOU) nó Comhaontú Seirbhíse (SLA) leis an Eagraíocht Cosanta agus an comhlacht a bhfuil an tseirbhís á hiarraidh aige. Ina theannta sin, éascaíonn MOUnna agus SLAnna idir an Roinn Cosanta agus Ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Rialtais eile chun freagra beartaithe agus éifeachtach a éascú ó Óglaigh na hÉireann i gcásanna éigeandála agus eile. Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar na comhaontuithe sin agus déantar iad a nuashonrú de réir mar is gá. Tá liosta de na MOUnna agus na SLAnna a bhí i bhfeidhm i rith 2013 san áireamh in Aguisín 3 leis an tuarascáil seo.

Tá comhaontú foirmiúil i bhfeidhm ag an Roinn Cosanta le Cónaidhm na mBaincéirí Éireannacha (IBF), agus a cuid ballbhanc, trína bhforáiltear go n-íocfadh na bainc leis an Roinn an costas eacnamaíochta iomlán arna dtabhú mar thoradh ar sholáthar thionlacain airgid faoi bhealach ag Óglaigh na hÉireann. Íoctar an costas arna thabhú i ndáil le gach tréimhse 12 mí go dtí deireadh mhí na Nollag le linn na bliana dar gcionn. €7.1m costas iomlán na seirbhíse a cuireadh ar fáil do na bainc in 2012 agus fuarthas íocaíocht in 2013. Ina theannta sin, cúitíonn an Roinn gach bliain an costas eacnamaíochta iomlán arna thabhú mar thoradh ar sheirbhísí tionlacain agus slándála a tugadh don Bhanc Ceannais sa bhliain roimhe sin. €1.4m costas iomlán na seirbhíse in 2012 agus fuarthas an méid sin ón mBanc Ceannais in 2013.

## An Oifig Pleanála Éigeandála

Tá Tascfhórsa an Rialtais ar Pleanáil Éigeandála freagrach as treoir straitéiseach agus comhordú na pleanála éigeandála. Tá sé comhdhéanta d'Airí agus/nó d'oifigigh shinsearacha ó gach Roinn Rialtais agus ó chomhlachtaí poiblí lárnacha. Oifig shibhialta/mhíleata laistigh den Roinn Cosanta í an Oifig Pleanála Éigeandála. Tugann sí tacaíocht don Aire Cosanta ina ról mar Chathaoirleach Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála. Bhí sé chruinniú ag an Tascfhórsa Rialtais ar Phleanáil Éigeandála in 2013.

Tá trí foghrúpa bunaithe ag Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála a dhéileálann leo seo a leanas:

(a) Tuilte agus Cumarsáid, ag tabhairt aghaidh ar úsáid na meáin shóisialta agus córais foláirimh/rabhaidh i ngach cás éigeandála;

(b) Riosca, aghaidh ar an Measúnú Riosca Náisiúnta d'Éirinn (NRAI), a chomhaontaigh Tascfhórsa an Rialtais go luath in 2013, thiomsaigh an Rialtas é agus cuireadh faoi bhráid an AE é mar chuid de fhorbhreathnú an Choimisiúin Eorpaigh ar Mheasúnaithe Riosca Náisiúnta feadh an AE; tá sé de dhualgas ar an bhFoghrúpa Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar na róil agus na freagrachtaí ceannais agus tacaíochta reatha náisiúnta;

(c) CBRNe (Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch, Núicléach agus pléascach), a dhéanann athbhreithniú ar phrótacail agus ar nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha éagsúla ag an leibhéal náisiúnta, go háirithe iad sin a bhíonn ag déileáil le CBRNe.

Bhí cruinnithe rialta ag na trí fhoghrúpa sin agus tuairiscítear ar dhul chun cinn chuig Tascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála.

Déanann an Oifig Pleanála Éigeandála ionadaíocht ar Éirinn ag cruinnithe saineolaíocha faoi fhorbhreathnú ar riosca san AE maidir le Measúnaithe Riosca Náisiúnta, ag Fóram Riosca Ardleibhéil an OECD agus ag Coiste Pleanála Éigeandála Sibhialta NATO (CEPC) atá mar chuid de Chomhpháirtíocht na hÉireann don Síocháin (PfP).

Coimeádann an Oifig Pleanála Éigeandála teagmhálacha rialta le Ballstáit eile trína struchtúir phleanála éigeandála, go háirithe leis an Ríocht Aontaithe, agus bítear ag freastal ar sheimineáir éagsúla idirnáisiúnta agus ar imeachtaí oiliúna. Scaipeann an Oifig Pleanála Éigeandála faisnéis a thagann ó na coistí, na himeachtaí agus na teagmhálacha éagsúla sin trí Thascfhórsa an Rialtais agus clúdaítear raon leathan réimsí mar phleanáil d'imeachtaí ardfheiceálacha, na meáin shóisialta, forbhreathnaithe riosca AE, OECD agus Náisiúnta.

Baineadh leas as an Ionad Comhordaithe Éigeandála Náisiúnta, a bhíonn á chothabháil ag an Oifig Pleanála Éigeandála chuig ardleibhéil ullmhúcháin, le linn na bliana chun ceardlanna, cleachtaí agus cruinnithe a reáchtáil a bhaineann le pleanáil agus freagairt éigeandála.

I Samhain 2013, sheol an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta, an tUas. Alan Shatter T.D., (mar Chathaoirleach Thascfhórsa an Rialtais) agus an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tUas. Phil Hogan T.D., an feachtas eolais 'Bí Ullamh don Gheimhreadh' don tréimhse 2013-2014.

Déanann an Oifig Pleanála Éigeandála an láithreán gréasáin "Bí Ullamh don Gheimhreadh" www.winterready.ie agus an láithreán gréasáin www.emergencyplanning.ie a nuashonrú go rialta. Seoladh cuntas giolcaireachta twitter in 2013, @emergencyIE, agus is féidir súil a choimeád air ag www.twitter.com. Spreagtar an pobal a bheith páirteach sa chomhrá ag #bewinterready.

## Slándáil agus Cosaint Idirnáisiúnta

Sainmhíniú ar chomhthéacs bheartas slándála agus cosanta idirnáisiúnta na hÉireann is ea a ról polaitíochta agus oibríochta gníomhach ag tacú leis na Náisiúin Aontaithe, lena dtiomantas do Chóras Socruithe Fuireachais na Náisiún Aontaithe (UNSAS), ár rannpháirtíocht i gComhbheartas Slándála agus Cosanta an AE (CSDP) agus i gComhpháirtíocht na Síochána NATO (PfP).

Leagann Éire an-tábhacht ar na Náisiúin Aontaithe ó chuaigh sí leis an eagraíocht i 1955 agus, laistigh de chóras na NA, tacaíonn sí le gníomh idirnáisiúnta éifeachtach i réimsí mar dhí-armáil, choimeád na síochána, fhorbairt agus cearta daonna. Sheas sí go láidir le príomhról na Comhairle Slándála maidir le síochάin agus slándáil a choinneáil go hidirnáisiúnta. Ag teacht leis an gcur chuige sin, tá glactha go dáiríre ag Éirinn leis an oibleagáid atá uirthi faoi chairt na Náisiún Aontaithe cúnamh agus saoráidí a chur ar fáil d'fhórsaí armtha na Comhairle Slándála d'fhonn síochάin agus slándáil a choinneáil go hidirnáisiúnta. Léiríonn rannpháirtíocht leanúnach na hÉireann in oibríochtaí síochánaíochta é seo arna sainordú nó arna údarú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ó 1958.

Neodracht mhíleata an bearta atá ag Éirinn le fada. Níor chuir sin, áfach, teorainn ar leas a bhaint as cosaint mar uirlis oiriúnach i mbeartas idirnáisiúnta i gcomhthéacs na NA ná i gcomhthéacs bhallraíocht an Aontais Eorpaigh agus aird á tabhairt ar Chonarthaí AE.

Le blianta fada anois tá athrú tríd is tríd tagtha ar thimpeallacht na síochánaíochta agus tá méadú tagtha ar oibríochtaí síochánaíochta ó thaobh méid, castachta agus daingne. Tá na NA ag brath níos mó de réir a chéile ar eagraíochtaí agus ar shocruithe réigiúnacha (m.sh. an tAE, NATO, an tAontas Afracach, srl.) chun oibríochtaí a sheoladh agus a bhainistiú thar a gceann agus faoina n-údarás. I dteannta leis an timpeallacht athraitheach sin, tá an tAE sa lá atá inniu ann ag glacadh ról méadaitheach laistigh de réimse na slándála idirnáisiúnta trí fhorbairt agus fhorás an an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CSDP), a dhéantar a fhormhíniú faoi Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CFSP) an Aontais Eorpaigh.

## An Comhbheartas slándála agus cosanta

Tá CSDP mar chuid lárnach den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála, a chuimsíonn oibleagáidí idirnáisiúnta an AE chun síochάin agus slándáil a choimeád ar fud an domhain. Is í príomhfheidhm an CSDP acmhainn oibriúcháin a thabhairt don Aontas chun tabhairt faoi oibríochtaí tacaíochta síochána, oibríochtaí um chosc na coinbhleachta agus bainistíochta géarchéime lasmuigh de chríoch na mBallstát.

Sa bhreis ar thaisc mhíleata, tá gné mhór shibhialta agus dhaonnúil ag baint leis. Chuige sin tá raon cuimsitheach d'ionstraimí eacnamaíochta, daonnúla, taidhleoireachta, polaitiúla agus míleata ar féidir leis a úsáid chun dul i bhfeidhm ar an gclár oibre slándála idirnáisiúnta. Glacann Éire páirt sa CSDP laistigh de chreat ár ngealltanais chun tosaíocht na Náisiún Aontaithe maidir le síochάin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád. Ar bhunús fhorálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach, mar atá leasaithe ag Conradh Liospóin, leanann an Roinn agus Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag glacadh páirte i bhforbairt leanúnach ar chumais an AE um bainistíocht géarchéime míleata agus sibhialta faoin CSDP. Oibríonn an Eagraíocht Cosanta go forghníomhach sa réimse sin i dteannta le comhghleacaithe ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Ní leagtar oibleagáid ar aon Bhallstát chun páirt a ghlacadh in aon oibríocht AE de thoradh rannpháirtíochta sa CSDP. Maidir le himscaradh trúpaí agus comhaltaí pearsanra nó an gealltanas chun ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh fágtar faoi gach Ballstát cinneadh a dhéanamh ar an ábhar sin, agus is de réir a chuid próiseas cinnteoireachta náisiúnta féin a dhéantar an cinneadh. Ina theannta sin, déantar cinntí i réimse na Cosanta ar bhonn na haontoilíochta agus ní fhéadfar aon oibríocht a sheoladh gan fhaomhadh aontoilíoch gach Ballstáit.

## Forbairt an Bheartais Chosanta Idirnáisiúnta

I rith 2013 reáchtáladh ceithre chruinniú aireachta, (dhá chruinniú foirmiúla agus dhá chruinniú neamhfhoirmiúla) de Chomhairle an AE um Ghnóthaí Eachtracha le hAirí Cosanta. Rinneadh ionadaíocht ar Éirinn ag na cruinnithe sin go léir. Ina theannta sin reáchtáladh ceithre chruinniú de na Stiúrthóirí Beartais Chosanta a ndearnadh ionadaíocht ar Éirinn orthu freisin. Reáchtáladh cruinnithe an Stiúrthóra Cosanta chun ullmhú i gcomhair na gcruinnithe aireachta agus mar sin bíonn na cláir oibre cosúil lena chéile. Is é an Grúpa Idir-Rannach um Pleanáil Riaracháin (IDAPG) an grúpa a dhéileálann leis na gnéithe riaracháin, loighistice agus acmhainne den phleanáil um Uachtaránacht na hÉireann in 2013. D'fhreastail an Eagraíocht Cosanta ar seacht gcruinniú le linn 2013 chun na gnéithe lóistíochta den Uachtaránacht a phleanáil.

Is é an Coiste Idir-Rannach um Chomhordú na hUachtaránachta (IDCCP) an grúpa a dhéileáil le comhordú ar ghnéithe beartais agus oiliúint um Uachtaránacht 2013 ar an AE. In 2013, d'fhreastail an Eagraíocht Cosanta ar seacht gcruinniú de chuid an choiste chun comhordú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus ar bheartas i dtaobh na hUachtaránachta.

Tá caidrimh dhé-thaobhacha ag Éirinn le tíortha eile ag leibhéal beartais agus ag leibhéal oibríochta araon agus bíonn cruinnithe rialta ag foirne Óglaigh na hÉireann le fórsaí míleata eile chun faisnéis agus taithí a roinnt. Reáchtáladh suas le 10 gcruinniú dé-thaobhacha le linn 2013 le raon Ballstáit AE agus eagraíochtaí eile. Áirítear orthu sin an RA, an Liotuáin, an tSualainn, na Náisiúin Aontaithe agus NATO.

Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Irish Presidency of the Council of the European Union
eu2013.ie

## Uachtaránacht na hÉireann Ar Chomhairle an AE

Sa réimse cosanta, lean Uachtaránacht na hÉireann clár uaillmhianach chun a chinntiú go leanfaí le forbairt chumas an AE gníomhú ar mhaithe le síocháin agus slándáil sa domhain níos leithne tríd an CSDP. Sholáthair an Uachtaránacht tacaíocht freisin don Ard-Ionadaí agus do Sheirbhís Gnímh Sheachtrach na hEorpa (EEAS) lena gcuid oibre tábhachtach. Trí oibriú go dlúth leis an EEAS, an Coimisiún agus Gníomhaireacht Cosanta na hEorpa, chuaigh Uachtaránacht na hÉireann i mbun idirghníomhaíocht le heagraíochtaí idirnáisiúnta mar na Náisiúin Aontaithe, Aontas na hAfraice agus NATO agus é mar aidhm leo feabhas a chur ar chumas an AE agus Bhallstáit an AE tacú le hoibríochtaí coimeádta síochána.

Reáchtáladh roinnt cruinnithe déthaobhacha idir an Eagraíocht Cosanta agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) i rith 2013 i ndáil le himeachtaí um Uachtaránacht an AE a reáchtáladh i rith na hUachtaránachta. Reáchtáladh cruinnithe eile, mar is gá, a bhain le gnéithe áirithe den Uachtaránacht mar iompar agus cóiríocht.

Ar an mórimeacht Cosanta d'Uachtaránacht na hÉireann bhí cruinniú neamhfhoirmeálta Airí Cosanta a reáchtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2013. D'fhreastail Fo-Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe i Roinn na nOibríochtaí Coimeádta Síochána ar an gcruinniú. Ba é sin an chéad uair a raibh ionadaíocht ag na NA ag cruinniú Airí Cosanta an AE. D'fhreastail Ard-Rúnaí NATO, a bhí ar an gcéad chuairt fhoirmeálta ar Éirinn, ar an gcruinniú freisin. Ar na gcruinnithe eile a reáchtáladh in Éirinn le linn na hUachtaránachta bhí cruinniú neamhfhoirmiúil idir Stiúrthóirí Polasaí Cosanta, Coiste Míleata an AE, an Grúpa Polaitíochta-Míleata agus Coiste Speisialta Athena.

Reáchtáladh trí sheimineáir ar éirigh thar cionn leo freisin in Éirinn. An chéad seimineáir dár teideal "Cooperation between regional organisations and the United Nations in the area of Crisis Management, Peace Support and Peace Enforcement Operations". Bhain an dara seimineár le hábhar Shlándáil agus Fhaire Muirí agus bhain an tríú seimineár le saincheisteanna a bheadh le plé ag cruinniú Chomhairle na hEorpa ar Chosaint, a reáchtáladh i mí na Nollag 2013.

Reáchtáladh dhá sheimineáir sa Bhruiséil freisin. Bhain an chéad cheann, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint le dul i ngleic leis an mbagairt ó Fheistí Pléascacha Seiftithe (IEDanna). Déileáladh san dara seimineáir a bhí á reáchtáil ag Uachtaránacht na hÉireann, i gcomhar le hAireacht Cosanta na hEastóine agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint leis an tsaincheist maidir le Comhoibriú Cibearshlándála san Aontas Eorpach agus cuireadh chun cinn an díospóireacht ar chomh ullamh agus atá Ballstáit an Aontais Eorpaigh dul i ngleic le cibearbhagairtí ag an leibhéal náisiúnta agus feadh an AE ina iomláine.

Tháinig torthaí an-dearfach ó na seimineáir go léir agus spreag na seimineáir díospóireacht agus cuireadh chun cinn obair institiúidí an AE sna réimsí sin. Le linn na hUachtaránachta, rinne Éire cathaoirleacht ar Choiste Speisialta Athena agus ar Choiste Stiúrtha Choláiste Slándála agus Cosanta na hEorpa (ESDC SC). Bhí seacht gcruinniú ag Coiste Speisialta Athena agus is é an ról a bhí acu riaradh a dhéanamh ar mhaoiniú ghnáthchostais oibríochtaí an Aontais Eorpaigh (AE) lena mbaineann impleachtaí míleata nó cosanta. Ba í Éirinn an Ballstát deiridh a rinne Cathaoirleacht ar an ESDC SE mar tugadh an ról sin chuig cathaoirleach buan arna sholáthar ag an EEAS, d'fhonn Chinneadh na Comhairle.

Seo a leanas mar a baineadh amach i réimse na Cosanta le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle na hEorpa:

- Misean Oiliúna an AE i Mali a seoladh go foirmeálta ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 18 Feabhra 2013;

- ▪ Atreisíodh agus láidríodh caidrimh idir an AE agus na NA, go háirithe le cainteanna struchtúrtha rialta idir na NA agus Seirbhís Gníomhaíochta Seachtrach maidir le tacaíocht an AE ar oibríochtaí na NA. Cuireadh an ghníomhaíocht sin chun cinn tuilleadh le rannpháirtíocht an AE, na Náisiún Aontaithe, NATO agus Aontas na hAfraice i seimineár na hUachtaránachta agus ceardlann ar "Regional Organisations' Cooperation with the United Nations in the area of Crisis Management, Peace Support and Peace Enforcement Operations", a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath i bhFeabhra 2013;

- Fuair comhoibriú sa réimse Slándáil agus Faire Muirí chun dul i ngleic le bagairtí atá ag dul i méid, in uiscí na hEorpa agus i lánaí mara idirnáisiúnta araon, spreagadh faoi Uachtaránacht na hÉireann. Cuireadh tuilleadh béime ar an ngá atá le tuilleadh faisnéise a bheith á roinnt i measc Bhallstáit, ag an leibhéal réigiúnach agus ag leibhéal an AE, agus i

measc na ngeallsealbhóirí slándála ag seimineár na hUachtaránachta ar Dhúshláin agus Deiseanna maidir le Slándáil agus Faire Muirí do Rialachas Éifeachtach agus Nuálacht i bhFearanna Muirí an AE;

- Ghlac an Coimisiún Eorpach le Plean Gnímh Straitéise Atlantaigh an AE, i mí na Bealtaine 2013. Tacaíodh leis an Straitéis, mar aon leis an gcomhoibriú feabhsaithe ag seimineár na hUachtaránachta ar shaincheisteanna slándála muirí, i gConclúidí na Comhairle ar Pholasaí Muirí Lánpháirtithe an AE i mí an Mheithimh 2013. Beidh sin mar bhonn d'iarrachtaí chun obair ar chur chuige níos comhtháite a stiúradh chun cinn chun leasanna straitéiseacha muirí an AE a chinntiú agus a chosaint agus Straitéis Slándála Muirí Eorpach féideartha a fhorbairt;

- Thionscain an Uachtaránacht na réamh-idirbheartaíochtaí le Ballstáit chun tosaíochtaí tábhachtacha a aithint do Chomhairle na hEorpa ar Chosaint i mí na Nollag 2013 agus reáchtáladh seimineár ar an ábhar sin i mí na Bealtaine. Soláthraíodh treo straitéiseach, soiléireacht agus comhthoil ag leibhéal an AE ag cruinniú Chomhairle na hEorpa i mí na Nollag lena chinntiú go bhféadfaidh an AE freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna idirnáisiúnta a thiocfadh chun cinn agus go mbeadh tacaíocht ag an tionscal cosanta chun na cumais riachtanacha atá de dhíth a sheachadadh;

- Tionscnaíodh leis an Uachtaránacht díospóireacht tras-earnálach ina raibh aisteoirí agus tionscal slándála míleata agus sibhialta maidir le chomh ullamh agus atá Ballstáit an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic le cibearbhagairtí ag an leibhéal náisiúnta agus feadh an AE ina iomláine. Rinneadh an seimineár ar Chomhoibriú ar Chibear Shlándáil san Aontas Eorpach: Ag Cinntiú go bhfuiltear Ullamh ó thaobh Slándála agus Cosanta, a reáchtáladh sa Bhruiséil i mí an Mheithimh chun an tsaincheist a chur chun cinn, a reáchtáil i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus an Eastóin agus léirigh sin nádúr comhoibríoch na hUachtaránachta agus an tábhacht atá leis an tsaincheist. Bhí an seimineár sin mar bhonn do aide mémoire nó páipéar leathoifigiúil ar an ábhar agus rinne Éire, an Eastóin agus an Liotuáin urraíocht air agus scaipeadh é ar Bhallstáit i mí Iúil.

- Cuireadh comhoibriú níos fearr chun cinn i measc Bhallstáit maidir le soláthar cumais Chosanta faoi thionscnaimh "Comhthiomsú agus Roinnt" an EDA agus chuir an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint roinnt tionscadal chun cinn. Tá Éirinn ag stiúradh an bhealaigh maidir le tionscnamh Oiliúna Cabhlaigh.

## Comhairle na hEorpa, Nollaig 2013

Ag a gcruinniú i mí na Nollag, chomhaontaigh Comhairle na hEorpa raon gníomhartha chun tacú le comhoibriú níos fearr i measc Bhallstáit chun na cumais shibhialta agus mhíleata atá riachtanach a sheachadadh chun tacú le CSDP agus le slándáil agus le cosaint tríd agus tríd. Tugtar aghaidh le Conclúidí na Comhairle ar thrí phríomhréimse Cosanta, mar seo a leanas:

1. Cur le héifeachtacht, infheictheacht agus tionchar an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CSDP);

2. Feabhas a chur ar fhorbairt chumais slándála agus cosanta;

3. Tionscal cosanta na hEorpa a threisiú.

Léiríonn Conclúidí Chomhairle na hEorpa na dúshláin slándála atá ag teacht chun cinn sa domhan inniu. Cuirtear béim leis na conclúidí ar an tábhacht atá le feabhas a chur ar éifeachtacht CSDP trína chinntiú go bhfuil an cumas ag an AE gníomhú go tapa agus go cuí mar fhreagra ar ghéarchéimeanna slándála agus daonnúla. D'admhaigh an Chomhairle freisin go n-éilíonn sé sin forbairt níos fearr ar chumais shibhialta agus mhíleata riachtanacha. Agus buiséid Cosanta srianta ar fud na hEorpa, tá comhoibriú maidir le forbairt na gcumas sin agus meascán taighde agus tionscail éifeachtach agus éifeachtúil chun na cumais riachtanacha a sheachadadh riachtanach má tá an AE chun leanúint ar aghaidh ag cothabháil an chumais freagairt do ghéarchéimeanna idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, léiríonn na conclúidí go bhfuil tábhacht le Cosaint, ní hamháin ar mhaithe le slándáil ár saoránach agus do ról an Aontais mar sholáthraí slándála idirnáisiúnta, ach freisin ó thaobh an méid a chuirtear le slándáil eacnamaíochta agus post mar earnáil tionscail atá tábhachtach agus suntasach laistigh den Aontas.

Thug Conclúidí na Comhairle aghaidh ar roinnt ábhar i réimse na Cosanta a bhí ard ar liosta tosaíochtaí na hÉireann i rith ár nUachtaránacht ar Chomhairle na hEorpa agus ar tosaíochtaí iad i gcónaí. Áirítear orthu forbairt chumas míleata agus freagra ar na bagairtí Muirí agus Cibearshlándála. Áiríodh orthu freisin comhoibriú an AE maidir le heagraíochtaí réigiúnacha mar na Náisiúin Aontaithe, NATO agus Aontas na hAfraice. Iarrtar leis na conclúidí forbairt a dhéanamh ar Chreat Beartas ar Chibearchosaint don AE in 2014 agus go bhforbrófaí Straitéis Slándála Muirí an AE faoi mhí an Mheithimh 2014.

D'aithin an Chomhairle gur uirlis luachmhar iad cathghrúpaí de chuid an AE chun dul i ngleic le "Tascanna Bainistithe Géarchéime" mar atá leagtha amach sa Chonradh. Chuir Comhairle na hEorpa béim ar an ngá atá le feabhas a chur ar chumas freagartha pras an Aontais i mBainistiú Géarchéime, go háirithe i ndáil le ról na gCathghrúpaí.

Chuir Conclúidí na Comhairle béim in athuair ar thiomantas an Aontais oibriú go dlúth lena gcomhpháirtithe domhanda, trasatlantacha agus réigiúnacha mar na Náisiúin Aontaithe, NATO agus Aontas na hAfraice. Luann conclúidí na Comhairle gur chóir forbairt a dhéanamh ar chomhoibriú mar sin i spiorad de threisiú frithpháirteach agus comhlántacht.

Feiceann Éirinn comhoibriú idir an AE-NA sa réimse Bainistithe Géarchéime mar ghné riachtanach chun iltaobhachas éifeachtach a threisiú agus tacaítear le tionscnaimh leanúnacha ón AE atá deartha chun a chinntiú go mbeidh an dá eagraíocht ag obair le chéile níos éifeachtaí chun freagairt sa chás go mbeadh géarchéim ann. Aithníonn Éirinn freisin an gá atá le comhoibriú leanúnach le NATO agus déantar sin d'Éirinn trí Chomhpháirtíocht Síochána NATO chun a chinntiú go mbeidh idir-inoibritheacht idir fhórsaí a imlonnaítear ar oibríochtaí bhainistiú géarchéime agus chun deireadh a chur le dúblú iarrachta ag Ballstáit.

## An tAcht Fórsaí Cosanta (Ilphardún agus Díolúine Maidir Leis an Dara Cogadh Domhanda) 2013

Achtaíodh an tAcht Fórsaí Cosanta (Ilphardún agus Díolúine Maidir Leis an Dara Cogadh Domhanda) 2013 i mí na Bealtaine 2013. Foráiltear leis an Acht deonú pardúin, agus, mar is cuí, díoluine ó ionchúiseamh, do na baill sin d'Óglaigh na hÉireann, a d'imigh chun troid le taobh na gComhghuaillithe le linn an Dara Cogadh Domhanda agus a fuarthas ciontach ina dhiaidh sin trí Bhinse Míleata agus a bhí nó atá go fóill dlite a bheith ionchúisithe as tréigean nó a bheith as láthair gan saoire, nó a díbheadh ó Óglaigh na hÉireann de bhun fhorálacha an Ordaithe Cumhachtaí Éigeandála (Uimh. 362) 1945.

## Cosaint Shibhialta

Is í an Roinn Cosanta a leagan amach beartas Cosanta Sibhialta ag an leibhéal náisiúnta. Déantar an eagraíocht a bhainistiú agus a fhorbairt ag an leibhéal náisiúnta ag an mBrainse Cosanta Sibhialta de chuid na Roinne. Ag an leibhéal áitiúil bíonn Cosaint Shibhialta bunaithe i ngach ceantar údaráis áitiúla faoi rialú oibríochta an údaráis áitiúil iomchuí. Ó lá go lá oibríonn na hAonaid sin faoi smacht Oifigigh Cosanta Sibhialta, agus is fostaí é/í den údarás áitiúil.

Idir 2003 agus 2012, bhainistigh údarás Stáit an Chosaint Shibhialta ag an leibhéal náisiúnta ar a tugadh an Bord Cosanta Sibhialta. De réir an Achta um Chosaint Shibhialta 2012, díscaoileadh an Bord Cosanta Sibhialta le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 agus aistríodh na feidhmeanna ar ais go dtí an Roinn Cosanta.



## Cumann Croise Deirge na hÉireann

Leis an Acht um Chumann Croise Deirge na hÉireann, 1938 déantar foráil, trí hOrdú Rialtais, um Chumann Croise Deirge náisiúnta. De bhun an Achta seo, bunaíodh an Cumann leis an Ordú um Chumann Croise Deirge na hÉireann 1939, inar leag an Rialtas amach an bunús ar a ndéantar an Cumann a riar. Foráiltear leis an Ordú, mar atá leasaithe, go gcleachtfaidh Comhthionól Ginearálta an Chumainn cumhachtaí an Chumainn, go n-eagróidh sé an Cumann agus go ndéanfaidh sé bainistíocht ar a chuid gnóthaí. Cé gur comhlacht corpraithe carthanach neamhspleách é Cumann na Croise Deirge in Éirinn atá freagrach as a chuid gnóthaí inmheánacha féin a láimhseáil, is gnách go ndéanann an tAire Cosanta urraíocht ar reachtaíocht Chumann na Croise Deirge agus go dtógann sé chuig an Rialtas í.

Soláthraíonn an Roinn Cosanta deontas i gcabhair bliantúil don Chumann agus is sin ranníocaíocht i dtreo thuarastal agus costais riaracháin do rith cheanncheathrú an Chumainn. B'ionann an deontas in 2013 agus €869,000 agus b'ionann ranníocaíocht bhliantúil an Rialtais de €130,000 do Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

CUID 2

# A Chinntiú go Bhfuil Acmhainn Againn le Seachadadh


# CUID 2:
# A Chinntiú go Bhfuil Acmhainn Againn le Seachadadh

Ní mór don Eagraíocht Cosanta raon leathan cumas a choimeád agus a fhorbairt chun a chinntiú go bhféadann sí na haschuir riachtanacha a sheachadadh. Tá coimeád agus forbairt na gcumas míleata a theastaíonn chun aschuir oibriúcháin a sheachadadh tacaithe ag an cumas raon leathan de chúraimí bainistíochta a chomhlíonadh a chuimsíonn, inter alia; pleanáil, bainistiú airgeadais, bainistiú acmhainní daonna agus caidrimh thionsclaíoch, iniúchóireacht, bainistiú ábhar dlí, soláthar, ICT agus bainistiú eastát. Dá réir sin déantar comhiarracht ar fud na hEagraíochta Cosanta, idir an eagraíocht shibhialta agus mhíleata, a chinntiú go gcoimeádann an Stát cumais mhíleata oiriúnacha chun na róil arna sannadh ag an Rialtas a chomhlíonadh go héifeachtach. I bhfianaise an mhéid sin, tugtar tuairisc sa chuid seo den tuarascáil ar fhorbairtí gaolmhara le linn 2013.

## Líon Foirne, Trealamh agus Oiliúnt Óglaigh na hÉireann

### Líon Foirne Óglaigh na hÉireann

Bhí 9,236 comhalta pearsanra sna Buan-Óglaigh ag deireadh na bliana, agus iad sin comhdhéanta de 7,434 san Arm, 779 san Aerchór agus 1,023 sa tSeirbhís Chabhlaigh. Ríomhadh na figiúirí sin bunaithe ar an líon iarbhír a bhí i mbun seirbhíse ar an dáta sin, fágadh ar lár baill atá ar shaoire gairme, ar iasacht chuig eagraíochtaí eile agus a bhíonn á n-íoc ag eagraíochtaí eile.




*Fíor 2.1 Líon Foirne na mBuan-Óglach (PDF) amhail an 31 Nollaig 2013*

### Na hÓglaigh Cúltaca a Atheagrú

I bhfianaise mholtaí ón Athbhreithniú Luach ar Airgead (VFM) ar na hÓglaigh Cúltaca (RDF), a foilsíodh i mí na Samhna 2012, feidhmíodh atheagrú ollmhór ar Chúltaca an Airm agus ar Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh le linn 2013. Tugadh isteach struchtúir eagrúcháin nua don Chúltaca ag deireadh mhí an Mhárta 2013. Tá an eagraíocht nua bunaithe ar theorainn treise de 4,069 pearsanra (3,869 Cúltaca an Airm agus 200 Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh) bunaithe i mbeairicí agus i 16 áit eile ar fud na tíre. Cinntíodh go ndearnadh daingniú ar líon mór aonad RDF i líon níos lú aonad lántreise. Tá an RDF eagraithe anois laistigh de struchtúr aon fhórsa níos éifeachtúlaí.

### Earcaíocht

Ionduchtaíodh 404 comhalta pearsanra san iomlán sna Buan-Óglaigh i rith 2013, ceapacháin líne a bhí i gceist le 387 díobh agus speisialtóirí mar Phrintísigh Aerchóir agus Mheicneoirí i Seomra Innill na Seirbhíse Cabhlaigh ab ea an chuid eile díobh. Ina theannta sin ceapadh Oifigeach Liachta freisin.

***Tábla 2.1 Ionduchtú chun na mBuan-Óglach in 2013***

| Catagóir | Líon |
|---|---|
| Earcaíocht Seirbhíse Ginearálta | 353* |
| Printísigh an Aerchóir | 7 |
| Meicneoirí Sheomra Innill na Seirbhíse Cabhlaigh | 9 |
| Daltaí airm | 34 |
| Oifigeach Liachta | 1 |
| **Iomlán** | **404** |


** Earcaithe i mbun traenála in 2013.*

## Earcú agus Coimeád Na mBan Sna Buan-Óglaigh

B'ionann líon na mban a bhí i mbun dualgas amhail an 31 Nollaig 2013 agus 546, b'ionann sin agus 5.9% den láidreacht foriomlán sna Buanóglaigh ag an dáta sin. Bhí an figiúr sin comhdhéanta de 450 san Arm, 31 san Aerchóir agus 65 sa tSeirbhís Chabhlaigh.

Tá an Rialtas tiomanta chun beartas comhdheiseanna le haghaidh fear agus ban ar fud Óglaigh na hÉireann agus chun rannpháirtíochta iomláine ag mná i ngach gné de ghníomhaíochtaí Óglaigh na hÉireann. Murab ionann agus fórsaí armtha náisiúnta eile, níl aon srianta i bhfeidhm in Óglaigh na hÉireann maidir le fir nó mná a shannadh don réimse iomlán de dhualgais oibriúcháin agus riaracháin. Bíonn gach ardú céime agus cúrsa gairme oscailte don dá hinscne ar bhonn buanna.

Is údar mórtais d'Óglaigh na hÉireann é go soláthraítear timpeallacht oibre atá neodrach ó thaobh inscne de. Déantar beartais ar chomhionannas a chur in iúl go rialta do gach grád. Bíonn na húdaráis mhíleata ar an airdeall agus ar a n-aire i gcónaí ar an ábhar seo agus táthar tiomanta aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo ar shlí leanúnach agus forghníomhach. Léirítear le Fíor 2.3 chomh forleathan agus atá na mná atá i mbun dualgas in Óglaigh na hÉireann le 10 mbliana anuas.




*Fíor 2.2 Mná ag seirbheáil sa PDF 2003 - 2013*

## Forbairt Gairme

Le linn 2013, reáchtáladh comórtais ardú céime de réir na gcóras um ardú céime ar aontaíodh orthu in 2011. I dtaobh na NCOanna, reáchtáladh comórtais ardú céime chun na céime Sáirsint agus chun céimeanna níos airde do NCO agus fuair 338 pearsanra ardú céime fud fad Óglaigh na hÉireann agus fuair 273 ardú céime san Arm, 51 ardú céime san Aerchóir agus 14 ardú céime sa tSeirbhís Chabhlaigh. Maidir leis an ngrád Ceannaire, fuair 266 pearsanra in iomlán



ardú céime ar fud Óglaigh na hÉireann agus is ionann sin agus 7% den líon liostaithe ag fáil ardú céime chuig grád níos airde.

Tionóladh 8 mBord Ardú Céime in iomlán in 2013 chun éascú le líonadh folúntas oifigeach a tháinig chun cinn in Óglaigh na hÉireann. Bhain na Boird Ardú Céime leas as cur chuige inniúlachta chun iarrthóirí a mheas do na folúntais do Mhaorghinearál agus do Bhriogáidire-Ghinearál. Tá an cur chuige bunaithe ar inniúlacht á chur ar aghaidh le haghaidh gach comórtas oifigigh. Ina theannta sin tá deireadh curtha diaidh ar ndiaidh le mairc um fhad seirbhíse agus ní chuirtear i bhfeidhm iad níos mó.

## Traenáil na mBuan-Óglach

Bhain an phríomhiarracht de Thraenáil agus Oideachas d'Óglaigh na hÉireann in 2013 le tacú le hatheagar a chur ar Óglaigh na hÉireann agus thosaigh sin i mí na Samhna 2012. Aithníodh trí Thosaíocht oiliúna don PDF chun tacú leis an bpróiseas sin;

1. Oiliúint Gairme agus Oideachas
2. Traenáil Scileanna Bhunaithe agus Cleachtaí thar lear
3. Athoiliúint ar Phearsanra



**Tábla 2.2 Cúrsaí Gairme na mBuan-Óglach 2013**


| Ainm an Chúrsa | An Líon Cúrsaí | An Líon Mac Léinn |
|---|---|---|
| NCO Féideartha | 5 | 240 |
| NCO (NS) Féideartha | 1 | 44 |
| Cúrsa Cuntasaíochta Loighistice | 1 | 20 |
| L/Sea go dtí PO/Sea | 1 | 5 |
| Cúrsa Caighdeánach NCO (NS) | 1 | 28 |
| Cúrsa Caighdeánach NCO (Gach Cór) | 3 | 28 |
| Cúrsa do Sháirsintí Buíne Coisithe | 1 | 18 |
| Ghéag Uile | 1 | 38 |
| Cúrsa d'Oifigigh Óga (Gach Cór) | 3 | 30 |
| Cúrsa na Ceannasaíochta Sóisearaí agus Foirne | 1 | 23 |
| Cúrsa Oibríochta na Ceannasaíochta Sinsir (NS) | 1 | 7 |
| Cúrsa na Ceannasaíochta Sinsir agus Foirne | 1 | 20 |
| **Iomlán** | **20** | **501** |

## Oiliúint Gairme agus Oideachas

I rith 2013, sholáthair Óglaigh na hÉireann réimse de chúrsaí dul chun cinn gairme chun a chinntiú go mbeadh dóthain comhaltaí pearsanra ar fáil chun dul i mbun ceapachán ceannaireachta ar gach leibhéal san eagraíocht. Tugann cúrsaí den sórt sin deiseanna do chomhaltaí pearsanra cuspóirí pearsanta maidir le forbairt gairme a chomhlíonadh. Léirítear sa tábla thíos líon na gCúrsaí Gairme PDF ar tugadh fúthu in 2013.

Chun an leibhéal seo traenála atá riachtanach a sholáthar tá sé riachtanach caidre cumasach teagascóirí a choimeád agus a fhorbairt laistigh d'Óglaigh na hÉireann. Úsáideann Óglaigh na hÉireann cuid mhór acmhainní chun teagascóirí a thraenáil i réimse disciplíní. D'fhreastail 545 comhalta pearsanra de chuid na mBuan-Óglach ar 46 cúrsa traenála um theagascóirí le linn 2013.

Ina theannta sin, lean Óglaigh na hÉireann le clár Bainistiú Ceannaireachta agus Staidéir Chosanta (LMDS) a leathadh amach i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Clár é seo ina gcuirtear bailíochtú ar fáil do phearsanra liostáilte in oiliúint agus in oideachas gairme ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Fuair 184 Mac Léinn de chuid Óglaigh na hÉireann dámhachtana ag leibhéil 6 agus 7 ó Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach i mí Dheireadh Fómhair 2013. Ghlac 100% de na mic léinn ar an gcúrsa NCO Sinsir agus ar an gCúrsa Cuntasaíochta Loighistic; 90% de na mic léinn ar an gCúrsa Caighdeánach Gach Cór agus 80% de na mic léinn ar na cúrsaí NCO Féideartha leis an rogha a bheith rannpháirteach sa chlár a bhí á reáchtáil ag an Arm agus ag an Aerchóir in 2013.



## Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Lean an tSeirbhís Chabhlaigh ag cur forbairt ar an gcomhpháirtíocht acadúil atá aici le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun traenáil agus le hoideachas a chomhlíonadh riachtanais náisiúnta Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann a chur ar lucht farraige sibhialta agus míleata. Leathnaíodh an chomhpháirtíocht sin in 2013 nuair a bunaíodh Ionad Halpin do thaighde. San Ionad éascaítear ionchur taighde ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ón tSeirbhís Chabhlaigh i ndáil le hobair taighde fhoriomlán i bhfuinneamh Mara agus Inmharthana agus is léiriú é ar an tábhacht atá le straitéis i gcomhar na Seirbhíse Cabhlaigh. Reáchtáil an tSeirbhís Chabhlaigh 89 cúrsa ar fad i rith na bliana i gcomhar leis an NMCI, cuireadh traenáil ar 1,130 mac léinn i ndisciplíní mar Traenáil Theicniúil, Mairnéalacht agus Cumarsáid.

## IMERC

Tháinig athrú chun feabhais agus forbairt ar thionscnamh IMERC i dtaobh méid agus uaillmhian in 2013. Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís Chabhlaigh i dtaobh clár forbartha fiontair agus taighde a thiomáint a theastaíonn chun gur féidir an fhorbairt sin a dhéanamh.

Chuir rannpháirtíocht in IMERC ar chumas na Seirbhíse Cabhlaigh cur lena n-acmhainn i roinnt ceardlanna a reáchtáladh faoi IMERC le linn na bliana. Áirítear orthu sin ceardlanna idirghníomhaireachtaí faoi theilileigheas agus ceardlanna idirnáisiúnta i gcomhar leis an EDA ar speisialtóireachtaí cliste sna hearnálacha slándála agus cosanta.

Leanfaidh an tSeirbhís Chabhlaigh ag tacú lena bpáirtithe in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh le linn 2014 i dtaobh tionscnaimh a seoladh le linn na tréimhse tuairiscithe. Ionad Marei – ionad barr feabhais um fhuinneamh athnuachana mara go háirithe. Lean an tSeirbhís Chabhlaigh freisin le tionscnaimh athnuachana fuinnimh a raibh ag éirí leo in 2013, tionscadal Skysails san áireamh.

## Traenáil Scileanna Bhunaithe agus Cleachtaí thar lear

Reáchtáladh traenáil scileanna bhunaithe agus cleachtaí thar lear lena chinntiú go mbeadh traenáil chuí ar phearsanra agus ar aonaid lena n-imlonnú chuig aonaid thar lear. Seoladh trí Chleachtadh Ullmhaithe Misin PSO don dá mheitheal a imlonnaíodh go dtí an Liobáin (UNIFIL) agus an mheitheal a imlonnaíodh go dtí an tSiria/Arda Golan (UNDOF). Ina theannta sin cuireadh tús le Cúrsa Cáilíochta Thar lear



chun Oifigigh agus NCOanna a imlonnaítear go dtí misin Breathnóireachta agus Ceanncheathrúna Foirne thar lear a ullmhú. In 2013, reáchtáladh trí chúrsa do 97 mac léinn.

## Athoiliúint ar Phearsanra

In 2013, reáchtáil Óglaigh na hÉireann 1,324 cúrsa in iomlán do 15,952 mac léinn. D'ionchorpraigh na cúrsaí sin athoiliúint agus breisoiliúint ar phearsana chun cloí le hatheagrú Óglaigh na hÉireann.

## Traenáil na nÓglach Cúltaca (RDF)

In 2013 lean an RDF ar aghaidh ag ullmhú agus ag traenáil i gcomhair a phríomhróil aimsir na síochána, is é sin tacaíocht theagmhasach a sholáthar do na Buan-Óglaigh le linn géarchéime móire.

Bhí deiseanna traenála RDF teoranta ag an bpróiseas athshannta i ndiaidh atheagrú an RDF agus bhunú an t-aon struchtúr amháin ar an bhfórsa. Reáchtáladh comórtais RDF sa lámhach (airm bheaga) agus sa treodóireacht i gCill Uird agus i gCill Bhríde faoi seach. Reáchtáladh cúrsaí scileanna, seimineáir agus cúrsaí gairme le linn 2013 ar aon dul leis an Treoir ar Thraenáil Bhliantúil.

Coimeádadh an cistiú a bhí ar fáil do thraenáil an RDF in 2013 ar leibhéal chun tacú leis an traenáil a bhí beartaithe. Bhain 1,734 Cúltacaire leas as 23,898 lá foirne íoctha in 2013.

## Ceannacháin Trealaimh chosanta agus Mórthrealamh Eile

In ainneoin thimpeallacht eacnamaíochta an lae inniu, chinntigh an cur chuige críonna ar lean an Eagraíocht Cosanta leis i dtaobh cláir cheannach trealamh agus cothabhála i rith 2013 go leanann Óglaigh na hÉireann ag baint úsáid as an trealamh is nua-aoisí. Leanfaidh tionchar a bheith ag seasamh an bhuiséid ar an leibhéal maoinithe atá ar fáil do threalamh nua agus d'uasghrádú. Déanfar cinntí dá réir ar bhonn tosaíochta dian agus cinnteofar go mbeidh Óglaigh na hÉireann éifeachtach ó thaobh a gcuid oibríochtaí. Coimeádtar fócas ar leith ar a chinntiú go mbíonn

trealamh nua-aoiseach agus éifeachtach ar fáil d'oibríochtaí thar lear mar a bhíonn i gcás imlonnú UNIFIL sa Liobáin agus imlonnú UNDOF i Siria.

In 2013, chuir an Eagraíocht Cosanta chun cinn roinnt clár do threalamh cosanta lena n-áirítear uasghrádú ar an raidhfil Steyr reatha agus na róbait um Dhiúscairt Ordanáis Phléascaigh (HOBO). Ina theannta sin, tionscnaíodh an próiseas clár athsholáthair maidir leis an inseirbhís don Chóras Radair Faire Talún agus an Meaisínghunna Trom 12.7mm agus ba chóir go mbeadh sé sin tugtha chun críche in 2014. Comhaontaíodh conradh freisin chun Cianstáisiún Airm a fheistiú ar naoi APCanna Mowag. Feabhsóidh na cláir sin nuair a bheidh siad tugtha chun críche cumas Óglaigh na hÉireann agus beidh siad ullamh don todhchaí.

Le linn 2013, leanadh ag fáil armlóin agus é i gceist leibhéil den stoc ríthábhachtach a choimeád chun freastal ar thiomantas traenála oibríochta agus gaolmhar.

Le linn 2013, leanadh ar aghaidh le dhá hÁrthach Patróil Eischósta (OPVanna) a thógáil don tSeirbhís Chabhlaigh. Déanfar an chéad long, an LE Samuel Beckett, a sheachadadh in 2014. Tabharfar an dara long chun críche go luath in 2015 agus LE James Joyce an t-ainm a bheidh uirthi. Íocfar as an dá árthach nua don tSeirbhís Chabhlaigh ón leithroinnt ón Roinn Cosanta. Rinneadh an LE Emer a dhíchoimisiúnú i mí Mheán Fómhair 2013 agus tá an LE Aoife le dícoimisiúnú in 2014.

## Bonneagar

I ndiaidh atheagar na mBuan-Óglach in 2012, cuspóir eile a bhí ann na gnéithe áirithe de Cheanncheathrú Óglaigh na hÉireann (DFHQ) a lárnú agus bhí siad sin lonnaithe in áiteanna éagsúla i mBaile Átha Cliath. Roghnaíodh Beairic McKee mar áit don DFHQ lárnaithe agus cuireadh tús le hobair ar athchóiriú roinnt bloc chun freastal ar na gnéithe éagsúla. I rith 2013, athlonnaíodh Brainse Traenála Óglaigh na hÉireann ó Park House go dtí Dún McKee. Tá na gnéithe eile atá fágtha d'Óglaigh na hÉireann i Parkgate agus Coláiste Caoimhín le hathlonnú go dtí Dún McKee i rith 2014.

In 2013, caitheadh beagnach €6m ar oibreacha tógála caipitil agus iad mar chuid de chlár tógála caipitil leanúnach a bhfuil sé mar aidhm leo saoráidí traenála, oibríochta agus cóiríochta Óglaigh na hÉireann a thabhairt cothrom le dáta agus iad a fheabhsú. In aon bhliain ar leith, déantar soláthar sa chlár chun tionscadail nua a thosú agus chun leanúint ar aghaidh le tionscadail tógála caipitil a bhí ar siúl cheana féin ó na blianta roimhe sin.

Seo a leanas na mórthionscadail a forbraíodh i rith na bliana:

- raon lámhaigh le huathchóras marcála (AMS) a sholáthar ag Órán Mór (Co na Gaillimhe)

- an chéad chéim d'obair athchóirithe ar an mBolc Cóiríochta sa Bhloc ó Thuaidh i nDún McKee agus is foirgneamh suaitheanta é seo agus olltionscadal oidhreachta, agus

- cuireadh tús le holltionscadal in Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann (Campa an Churraigh) chun na coirí go léir ansin a aistriú go dtí gás nádúrtha.

Cinntíodh seirbhísí fhoireann deartha in 2013 chun pleananna a fhorbairt do Thionscadal Cartlanna Míleata i nDún Chathail Bhrugha.

Chuimsigh an clár tógála caipitil le haghaidh 2013 freisin raon méadaithe de thionscadail mionoibreacha ar fud suiteálacha míleata. Ina theannta sin, caitheadh thart ar €6.7m ar oibreacha a bhain le cothabháil feadh na suiteálacha míleata.

I ndiaidh atheagrú ar na hÓglaigh Cúltaca i mí an Mhárta 2013 dúnadh os cionn 30 maoin Cúltaca le linn 2013. Tá roinnt acu sin diúscartha cheana féin agus tá cuid eile atá i mbun próisis chun iad a dhiúscairt.

Bhí olldíolachán ar siúl sa chéad seachtain de mhí na Nollag 2013 inar cinntíodh €981,000 agus 10 maoin nach raibh de dhíth ó thaobh riachtanais mhíleata ar díol. In 2013 cinntíodh €1.4 milliún in iomlán ó dhíolachán maoine nach raibh de dhíth ó thaobh cúrsaí míleata. Meastar go mbeidh €900,000 eile le fabhrú in 2014 ó dhíolachán na Nollag 2013.

## Idir-Inoibritheacht agus Forbairt Cumas an Aontais Eorpaigh

In 2013, lean Éire ar aghaidh ag cur le forbairt chumas an AE chun oibríochtaí bainistíochta géarchéime a dhéanamh. Cuimsíonn an rannpháirtíocht sin i bhforbairt cumas tairiscint Phailéad Fórsaí (Tábla 2.3) ag Éirinn ar féidir a chur ar fáil le haghaidh oibríochtaí bainistithe géarchéime an AE tríd an bPríomhsprioc 2010. Eascraíonn rannpháirtíocht na hÉireann sa Phríomhsprioc ónar dtiomantas reatha de suas le 850 comhalta pearsanra chun Córas Socruithe Fuireachais na Náisiún Aontaithe (UNSAS).

***Tábla 2.3 Rannpháirtíocht Óglaigh na hÉireann – Príomhsprioc an AE[2]***

| Aonad | Pearsanra | Réidhe[3] |
|---|---|---|
| Ceanncheathrú an Bhriogáid Coisithe | 150 | M |
| Ceanncheathrú an Chathlán Loighistice | 50 | H |
| Cathlán Coisithe Éadroma leis an 1ú Complacht Coisithe | 750 | H<br>V |
| Bataire Airtléire Machaire | 80 | H |
| An tAonad Taiscéalaíochta | 80 | V |
| An tAonad Meániompair | 60 | H |
| Meánlastas Phailéad Trucaile | 60 | H |
| An tAonad Fórsaí Oibríochtaí Speisialta | 40 | V |
| An tAonad Dí-éillithe CBRN[4] | 30 | H |
| Grúpa CIMIC[5] | 30 | H |
| Eilimintí Oirbheartaíochta CIMIC | 25 | H |
| Foireann EOD/IED | 5 | H |
| Foireann EOD/IEDD[6] (CBRN) | 5 | H |
| Foireann Breathnadóireachta Airm | 12 | V |
| Foireann Taiscéalaíochta Idirchaidrimh Oibríochtaí | 10 | V |
| Oifig Phropast-Mharascal an Airm | 10 | H |
| Díorma Póilíní Airm | 10 | H |
| An tAonad Oibríochtaí Meáin | 6 | H |

I rith 2013, lean an Eagraíocht Cosanta ar aghaidh ag cur le hobair leanúnach na Gníomhaireachtaí Eorpaí um Chosaint (EDA) le Ballstáit agus le Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC) maidir le nuashonrú a dhéanamh ar Phlean Forbraíochta um Chumas (CDP) an AE. Sa CDP déileáiltear le dhá shaincheist mar atá na ganntanais chumais reatha agus ganntanais sa todhchaí suas go 2030, i bhfianaise oibríochtaí bainistíochta géarchéime.

Agus an fhorbairt cumas sin i gcuimhne aici, d'fhreastail pearsanra ón Eagraíocht Cosanta ar chúrsaí agus imeachtaí éagsúla traenála agus oideachais le linn 2013, sa Bhruiséil agus in ionaid eile san AE freisin. Mar shampla, d'fhreastail comhaltaí pearsanra ón Roinn Cosanta agus ó Óglaigh na hÉireann araon ar Chúrsaí Ionduchtaithe CSDP agus d'fhreastail saineolaithe ar ábhair mhíleata ar sheimineáir, ceardlanna agus chomhdhálacha i réimsí mar Fhorbairt Cumais, Cibearshlándáil, Córais Chumarsáide agus Faisnéise (CIS), Déileáil le Feistí Pléascacha Seiftithe (C-IED) agus Lóistíocht agus MILEX13.

## An ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (EDA)

Chuaigh Éire leis an EDA nuair a bunaíodh i 2004 í. Is é Ardionadaí (HR) do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála san AE a dhéanann ceannaireacht ar an EDA. Déantar obair na Gníomhaireachta trí Bhord Stiúrtha a chuimsíonn Airí Cosanta AE as na Ballstáit rannpháirteacha.

Is iad príomhaidhmeanna an EDA tacú le Ballstáit maidir le forbairt cumas, tacú le níos mó éifeachtachta agus iomaíochais i margadh trealaimh chosanta na hEorpa agus tacú le hinfheistíocht i dtaighde agus i dteicneolaíocht (R&T) chosanta agus slándála  Ó lá go lá, déanann oifigigh ón Roinn Cosanta ionadaíocht ar an Aire san EDA. Ina theannta sin glacann comhaltaí pearsanra ón Roinn agus ó Óglaigh na hÉireann páirt i bhFoirne Forbartha Comhtháite (IDT), i bhFoirne Tionscadail (PT) an EDA agus i réimse an Phlean Forbraíochta um Chumas (CDP). Thug Éire Oifigeach Cabhlaigh ar iasacht don EDA i mí na Bealtaine 2013 chun an Tionscnamh Traenála Cabhlaigh a chur chun cinn, agus cuireadh síneadh ar a thréimhse iasachta go dtí mí na Bealtaine 2014.

Le linn 2013, bhí comhaltaí pearsanra ón Roinn Cosanta agus ó Óglaigh na hÉireann rannpháirteach i gcruinnithe an EDA agus i bhfoirne tionscadail go háirithe i ndáil le réimsí mar Dhéileáil le Feistí Pléascacha Frithsheiftithe (C-IED), Cibear-Chosaint, Spéir Aonair na hEorpa agus Cumais Líonra-chumasaithe

Fonóta

2 Soláthraítear leis an Tábla seo go leor teaglam aonad suas go dtí 850 ar a mhéid.

3 Déantar réidhe a thomhas ó thaobh Laethanta: An-ard 1-20, Ard 21-60; Meán 61-90 Lá.

4 CBRN: Cogaíocht Cheimiceach, Bhitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach.

5 CIMIC: Comhoibriú idir Sibhialtaigh agus Lucht Míleata.

6 EOD/IEDD: Diúscairt Ordanáis Phléascaigh/Feiste Phléascach Sheiftithe & Diúscairt.

Tugann Éire tacaíocht freisin d'obair na gníomhaireachta i bhforbairt cumas agus tionscnaimh mhargaidh laistigh de cheart an CSDP agus na bhforálacha conartha ábhartha agus na reachtaíochta náisiúnta. Leanann Éire ar aghaidh ag glacadh páirte i dtionscadal comhinfheistíochta taighde agus teicneolaíochta an EDA ar chosaint fórsaí. Is í aidhm an chláir sin feabhas a chur ar shlándáil oibríochtaí moillithe trí theagasc níos fearr, sárchleachtas agus teicneolaíochtaí nua.

Ina theannta sin tá Éire ag glacadh páirte sa chlár comhinfheistíochta ar Chosaint CBRN agus i dtionscadal ar mhaoirseacht mhara. Is í aidhm an chláir CBRN tionscnaimh a fhorbairt chun cosaint bhreise a thabhairt i réimse an CBRN. D'éirigh le dhá eintiteas Éireannach conarthaí a chinntiú ar luach €153,000 faoi chlár chomhinfheistíochta CBRN. Is í aidhm an tionscadal maoirseachta mara gréasán malairte a fhorbairt agus a fheabhsú a cheadóidh sonraí a roinnt idir Ballstáit chun íomhá mhara aitheanta a chur le chéile. I rith 2013, forbraíodh bogearraí chun éascú le malartú faisnéise agus tá sin á thástáil faoi láthair.

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le forbairt cumas na Roinne Cosanta/Óglaigh na hÉireann, trí fheasacht a mhúscailt faoi institiúidí fiontraíochta agus taighde atá bunaithe in Éirinn, lena n-áirítear coláistí tríú-leibhéal atá i mbun gníomhaíochtaí ábhartha agus gaolmhara, agus trí hoibriú leo.

Tugann Óglaigh na hÉireann tacaíocht d'institiúidí fiontraíochta agus taighde na hÉireann, lena n-áirítear coláistí tríú-leibhéal. Déantar é sin trí mheasúnú a dhéanamh ar thaighde agus nuálaíocht sa teicneolaíocht, agus trí fhaisnéis a thabhairt faoi riachtanais mhíleata. Cuireann sin le forbairt agus feabhsú chumais Óglaigh na hÉireann sa bhaile agus thar lear. Ina theannta sin tugann Óglaigh na hÉireann a gcuid tuairimí meabhraithe ar threochtaí maidir le riachtanais sonracha um fhorbairt cumas. Tá fiche dó tionscadal taighde, oiliúna agus nuálaíochta in iomlán, lena n-áirítear cuideachtaí baile na hÉireann ag fáil tacaíochta go díreach ó Óglaigh na hÉireann faoin tionscnamh seo.

In 2014, le cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann chun tairiscintí a chur le chéile, d'éirigh le dhá eintiteas Éireannach conarthaí a fháil i ndáil leis an tionscadal de chuid Ghníomhaireacht um Chosaint na hEorpa, Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach (CBRN). Tá an Eagraíocht Cosanta ag obair go dlúth le Fiontraíocht Éireann chun tuilleadh tionscnamh a aithint leis an gclár Horizon 2020 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus leis an nGníomhaireacht um Chosaint Eorpaigh a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach chun tacaíocht a fháil ó Fhiontraíocht Éireann agus rannpháirtíocht ó fhiontar na hÉireann.

## Comhpháirtíocht na Síochána (PfP)

Is éard atá i gceist le PfP socrú comhoibritheach idir NATO agus tíortha comhpháirtí. Dírítear comhoibriú ach go háirithe, ar obair a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear leasú cosanta beartas agus pleanáil cosanta, caidreamh sibhialta-míleata, oideachas agus traenáil, bainistíocht géarchéime agus pleanáil éigeandála sibhialta. Ag croílár an chláir PfP tá comhpháirtíocht a chruthaítear ar bhonn aonair idir gach tír comhpháirtíochta agus NATO, a chuirtear in oiriúint do riachtanais aonair agus a chuirtear i bhfeidhm go comhpháirteach ar an leibhéal agus ag an luas a roghnaíonn gach rialtas rannpháirteach.

Cosúil le Ballstáit neodracha eile atá ina mbaill den PfP, glacann Éire páirt freisin i meicníocht Phróiseas Pleanála agus Athbhreithnithe (PARP) an PfP. Tá rannpháirtíocht na hÉireann i PARP dírithe ar idir-inoibritheacht a fheabhsú chun go bhféadfaidh comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann oibriú go héifeachtúil agus go héifeachtach i dtimpeallacht ilnáisiúnta. Cuireadh leis sin tuilleadh le rannpháirtíocht Óglaigh na hÉireann i rith 2013 le Gníomhaireacht Caighdeánaithe NATO.

In 2013 críochnaíodh an tríú ceann déag de chláir bhliantúla na hÉireann um Chomhpháirtíocht agus Chomhar na hÉireann (IPCP) (a tugadh IPP air roimhe sin) le NATO/PfP (a chlúdaíonn an tréimhse 2013-2014). Forbraíodh é sin i gcomhpháirt leis na Ranna Gnóthaí Eachtracha agus Trádála; Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Dlí agus Cirt agus Comhionannais; Sláinte; agus Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

I rith 2013, chuir Óglaigh na hÉireann agus an Roinn Cosanta an IPCP sin i bhfeidhm agus tugadh faomhadh do chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann chun freastal ar 83 imeacht. Éascaíonn na himeachtaí sin le gnóthachtáil Spriocanna Comhpháirtíochta (PGanna) (PARP) Óglaigh na hÉireann agus cinntíonn siad go bhféadann Óglaigh na hÉireann dea-chleachtas a chuimsiú ina bhfoirceadal agus ina gcuid Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin um oibríochtaí bainistíochta géarchéime. In 2013, lean Éire ag déanamh dul chun cinn chun freastal ar na riachtanais de na 32 PGanna. D'fhreastail comhaltaí pearsanra ó Bhallstáit NATO agus as náisiúin chomhpháirtí eile ar chúrsaí de chuid Óglaigh na hÉireann a tairgeadh mar chuid de rannpháirtíocht na hÉireann sa Chlár Oibre Comhpháirtíochta Aonair. Leanfar leis an bpróiseas sin agus déanfar athbhreithniú eile ar Spriocanna Comhpháirtíochta in 2014.

## Bainistíocht Acmhainní Daonna Fhostaithe na Státseirbhíse agus na bhfostaithe Sibhialta

Is é príomhchuspóir Bhrainse Acmhainní Daonna (HR) na Roinne cur ar chumas ball foirne ról éifeachtach agus táirgiúil a ghlacadh i ngnóthachtáil spriocanna agus chuspóirí na hEagraíochta.

I rith 2013, choimeád an Roinn na leibhéil foirne laistigh den sprioc 354 a bhí leagtha síos san Chreat Rialaithe Fostaíochta. Díríodh go príomha i rith na bliana ar chur i bhfeidhm leanúnach tionscnamh faoi Chlár Leasaithe an Rialtais, mar phleanáil fhórsa saothair, córais bainistíochta feidhmíochta a bhainistiú, páirt a ghlacadh sa tionscadal seirbhísí roinnte HR agus rátaí saoire breoiteachta a laghdú.

Is é cuspóir phleanáil an fhórsa saothair a chinntiú go mbaintear an leas is fearr as acmhainní foirne, go háirithe i bhfianaise an mhoratóra ar earcaíocht agus an Creat Rialaithe Fostaíochta. I rith 2013, rinne an Roinn Plean Fhórsa Saothair inar tuaradh riachtanais foirne reatha agus riachtanais na todhchaí maidir le cuspóirí gnó straitéiseacha chun an cothrom ceart a bhaint amach idir éileamh agus soláthar saothair chun go mbeadh na daoine cearta, a mbeadh na scileanna cearta acu, san áit cheart ag an am ceart.

Rinneadh tuilleadh athruithe ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) le haghaidh thimthriall PMDS 2013 chun dul i ngleic le gealltanas an Rialtais feabhas mór a chur ar bhainistiú feidhmíochta. Leathadh amach ceardlanna ar chalabrú PMDS chuig na baill foirne ag na gráid Príomhoifigeach Cúnta agus os a chionn sin.

Leanadh i rith na bliana leis an bhfócas go forghníomhach ar dhaoine a bheith as láthair ar shaoire breoiteachta in 2013. B'ionann na ráta saoire breoiteachta don Roinn in 2013 agus 3.8%.

In 2013 sheol an Roinn scéim phíolótach chun éascú le socrúcháin oibre do mhic léinn sa 4ú Bliain/san Idirbhliain sa bhliain acadúil 2013/14. Cuireadh tús le 8 socrúchán oibre in iomlán in 2014, 7 sa Droichead Nua agus 1 i nGaillimh.

In 2013, ghlac an Roinn páirt ghníomhach sa scéim Scáthfhoghlama, an tionscnamh náisiúnta atá dírithe ar chuidiú le daoine faoi mhíchumas deis uathúil a fháil oibriú faoi 'threoir' oibrí san ionad oibre (fostaí cuideachta) agus é nó é ag dul i mbun gnáthlá oibre.

Ina theannta sin, chomhlánaigh an Roinn 3 shocrúchán faoin Scéim Intéirneachta Náisiúnta sna réimsí seo a leanas, Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide, Creat Bainistithe Faisnéise, agus Airgeadas. Bhí Óglaigh na hÉireann páirteach freisin sa Chlár Náisiúnta Intéirneachta agus cuireadh tús le 7 socrúchán in 2013.

### Fostaithe Sibhialta

Ar an 31 Nollaig 2013 bhí 535.6 fostaí sibhialta coibhéise lánaimseartha ann, a bhí fostaithe faoi fhorálacha an Achta Cosanta 1954. Tá an chuid is mó díobh fostaithe i ngráid cheardaíochta, oibrí ghinearálta agus bhainteacha agus is iad a bpríomhchúraim ná trealamh agus suiteálacha míleata a chothabháil. Is iad príomhchúraim na bhfostaithe sibhialta eile ná dualgais chléireachais agus stórála Óglaigh na hÉireann agus cuimsíonn siad freisin cigirí aerárthaigh agus gráid teicniúla éagsúla.

### Traenáil agus Forbairt na Státseirbhíse

In 2013, rinne an Roinn infheistíocht leanúnach i bhforbairt foirne. Bhí caiteachas na Roinne ar Thraenáil agus Fhorbairt mar chéatadán den phárolla comhionann le 1.91%. D'iarr 72% traenáil fhoirmiúil i gcomparáid le 94% in 2012 agus 74% in 2011.

Dhírigh an traenáil in 2013 ar nósanna imeachta Bainistíochta Airgeadais, ar uasthraenáil i bhfeidhmchláir ríomhchuidithe agus ar thraenáil Bainistíochta. Sa bhreis air sin, forbraíodh agus seoladh uirlis foghlama ar líne, MOODLE, sa Roinn in 2013.

### Comhionannas

Leanann an Roinn Cosanta ar aghaidh ag oibriú i dtimpeallacht gan idirdhealú i réimsí mar a fhoráiltear dóibh ag na hAchtanna Comhionannais agus tá sí mar aidhm aici a chinntiú go gcuirtear prionsabail an chomhionannais fhostaíochta i bhfeidhm maidir le hardú céime, le hearcaíocht, le traenáil agus le taithí oibre.

Tá sé mar bheartas ag an Roinn go dtabharfaí deiseanna comhionanna agus déileáil chomhionann do gach comhalta pearsanra. Léirítear an seasamh beartais sin sa Straitéis AD agus cuimsíonn sé gealltanas chun sprioc an Rialtais go mbeadh mná i mbun aon triain de na poist sa ghrád Príomhaí Cúnta a chomhlíonadh. In 2013, mná a bhí i 35% de Phríomhaithe Cúnta agus mná a bhí i 47% de na Príomhoifigigh. Tríd is tríd, mná a bhí i 36% de na poist sa ghrád Príomhaí Cúnta agus níos airde.

I gcomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005 thug an Roinn Cosanta gealltanas chun fostú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis áit arbh fhéidir. Ba é an céatadán de státseirbhísigh faoi mhíchumas ná 5.24% agus ba é an céatadán d'fhostaithe sibhialta a bhí faoi mhíchumas agus a bhí fostaithe ag an Roinn thar ceann Óglaigh na hÉireann, ná 5.63%.

***Tábla 2.4 Trealamh Cosanta Sibhialta ag deireadh 2013***

| Trealamh Cosanta Sibhialta | |
|---|---|
| Otharchairr | 94 |
| Innill dóiteáin | 47 |
| Feithiclí 4 X 4 | 130 |
| Feithiclí Rialaithe Oibríochta | 20 |
| Mionbhusanna | 60 |
| Leantóirí Leasa | 10 |
| Feithiclí eile | 57 |
| Báid | 88 |
| Aonaid Pontúin | 9 |
| Aonaid Rothair | 3 |
| Aonaid Gadhar | 3 |

***Tábla 2.5 Gníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta in 2013***

| Gníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta | |
|---|---|
| Cuardach ar dhaoine ar iarraidh | 65 |
| Imeachtaí Pobail | 427 |
| Imeachtaí Spóirt | 785 |
| Freastal ar theagmhais | 4 |
| Imeachtaí Údaráis Áitiúil | 117 |
| Imeachtaí a mbíonn úsáid as báid de dhíth | 68 |
| Eile | 212 |
| **Iomlán** | **1,678** |

## Cosaint Shibhialta

Amhail Nollaig 2013, bhí 4,373 comhalta gníomhach liostaithe ar an gclár óglach Cosanta Sibhialta. Eagraíodh na hóglaigh seo i 32 aonad a bhí bunaithe i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déantar traenáil agus oibríochtaí Cosanta Sibhialta a mhaoiniú trí mheascán de dheontas lárnach ón Roinn Cosanta agus ó ranníocaíocht ón údarás áitiúil cuí ar bhonn 70/30. Mar aon le cúnamh deontais agus comhairle beartas agus tacaíocht, cuireann an Roinn tacaíochtaí eile ar fáil d'aonaid Chosanta Sibhialta ar nós traenáil lárnach do theagascóirí áitiúla sa chóras "train the trainer" tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré. Soláthraíonn an Roinn feithiclí, éidí agus trealamh chosantach pearsanta d'óglaigh agus raon leathan trealamh eile chuig údaráis áitiúla d'úsáid Chosanta Sibhialta.

Tá raon leathan trealamh ag an gCosaint Shibhialta chun tacú lena cuid gníomhaíochtaí. Tá na mórshócmhainní trealaimh sonraithe i dTábla 2.4. Bhí baint ag Cosaint Shibhialta le raon leathan gníomhaíochtaí ar fud na tíre i rith 2013, i measc na ngníomhaíochtaí sin bhí tacaíocht a thabhairt do mhóréigeandálaí ar nós iarrachtaí faoisimh tuile agus tacaíocht a thabhairt i gcuardaigh do dhaoine ar iarraidh chun tacú leis an nGarda Síochána. Bhí baint ag an gCosaint Shibhialta freisin i dtacaíocht a thabhairt do mhórimeachtaí náisiúnta ar nós Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, "Flightfest", agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Thacaigh an Chosaint Shibhialta le raon leathan imeachtaí pobail agus spóirt freisin ar fud na tíre i rith na bliana.

Lean an Coláiste Cosanta Sibhialta ar aghaidh ag seachadadh traenáil ardchaighdeáin ar óglaigh. Tá an traenáil leagtha amach chun na scileanna agus an cumas a thabhairt do na hóglaigh chun tacú leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha. Tugadh isteach cúrsa do Theagascóirí Mearuisce agus Chéad Fhreagairt Tuile i rith 2013 – cuirfidh seo ar chumas na dTeagascóirí Cosanta Sibhialta óglaigh a dheimhniú sa Chéad Fhreagairt.

***Tábla 2.6 Sonraí na gcúrsaí Cosanta Sibhialta***

| Cúrsaí/ Seimineáir/ Cleachtaí | Líon a d'fhreastail orthu | Teastais a eisíodh |
|---|---|---|
| 603 | 3,859 | 3,091 |

Cuireadh traenáil bhreise ar fáil i réimse cuardach daoine ar iarraidh i rith 2013. Tugadh an traenáil i gcrích le Mórchleachtadh Cuardach Daoine ar Iarraidh i gcomhar leis an nGarda Síochána i Nollaig 2013.

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana le deimhniú agus le hathdheimhniú na dTeagascóirí sa tseirbhís taismeach. Tá níos mó ná 200 Teicneoir Míochaine Éigeandála sa Chosaint Shibhialta. In 2013, tugadh isteach Inniúlacht Ghairmiúil Leanúnach (IGL) do TMEanna.

Léirítear i dTabla 2.6 an lion a seachadadh agus líon na dteastas a d'eisigh an Coláiste Cosanta Sibhialta i rith 2013. Léiríonn na figiúirí freisin na cúrsaí a sheachaid an Chosaint Shibhialta ar fud na tíre agus tríd an gColáiste Cosanta Sibhialta. Sa bhreis ar na cúrsaí traenála, reáchtáladh roinnt seimineár/cleachtaí nár eisíodh deimhniúcháin ar bith ina leith.

## Bainistíocht Acmhainní Daonna Óglaigh Na hÉireann

### Scothsheirbhís Ó Scothfhostaithe

Bíonn gach cleachtadh agus próiseas Acmhainní Daonna in Óglaigh na hÉireann faoi réir bailíochtaithe seachtraigh tríd an bpróiseas Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe (Excellence through People). Baineann Óglaigh na hÉireann go leor tairbhí as creidiúnú sa Scéim. Is é an Caighdeán Náisiúnta um AD. Mar sin oibríonn sé mar thagarmharc neamhspleách um chleachtais Óglaigh na hÉireann agus spreagann sé tabhairt isteach an dea-chleachtais agus an chleachtais is deireanaí laistigh den eagraíocht. Bhain an tAerchór an caighdeán Scothsheirbhíse ó Scothfhostaithe amach tríd Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann in 2013. Tá an mheicníocht cumhdaithe in Óglaigh na hÉireann anois agus déanfar tuilleadh forbartha uirthi i 2014 tríd Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI).


### Inscne, Comhionannas agus Éagsúlacht In Óglaigh Na hÉireann

Feidhmíonn Óglaigh na hÉireann i dtimpeallacht gan idirdhealú i réimsí arna bhforáil ag na hAchtanna Comhionannais a chinntíonn go gcuirtear prionsabail an chomhionannais fostaíochta i bhfeidhm maidir le hearcaíocht, ardú céime, traenáil agus taithí oibre. Tá Rialacháin agus Treoracha Riaracháin go léir Óglaigh na hÉireann i ndáil le seirbhís Óglaigh na hÉireann leagtha amach ar bhealach atá ag teacht leis an mbeartas sin de dheiseanna comhionanna, éagsúlacht agus de neamhfhulaingt ar chiníochais. Déanann an Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht) athbhreithniú leanúnach ar na beartais sin agus ar Rialacháin Óglaigh na hÉireann chun cloí le dea-chleachtas a chinntiú agus chun timpeallacht oibre a choimeád a dhéileálann le gach comhalta d'Óglaigh na hÉireann ar bhealach a réitíonn le deiseanna comhionanna. Tá ról ríthábhachtach ag beartais Óglaigh na hÉireann um chomhionannas, éagsúlacht agus stádas comhionann i rath na heagraíochta. Baineann na beartais sin leis na hÓglaigh Chúltaca (RDF) freisin.

Le linn atheagrú Óglaigh na hÉireann, ceapadh Oifigeach Inscne, Comhionannais agus Éagsúlachta nua. Cinntíonn Comhairleoir Inscne Óglaigh na hÉireann go ndéantar peirspictíocht inscne a lánpháirtiú isteach in Óglaigh na hÉireann ag gach leibhéal agus cinntíonn an Comhairleoir freisin go mbíonn tuiscint ar UNSCR 1325 agus ar réitigh ghaolmhara. Tá an Comhairleoir Inscne freagrach freisin as traenáil a bhaineann le hinscne a chomhordú do chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann.

I rith 2013, shínigh an Ceann Foirne Plean Gnímh Óglaigh na hÉireann ar Chur i bhFeidhm an UNSCR 1325, rud a léiríonn gealltanas Óglaigh na hÉireann i leith chur i bhfeidhm an UNSCR 1325. Tá sé mar aidhm le Plean Gnímh Óglaigh na hÉireann ní amháin riachtanais Phlean Gnímh Óglaigh na hÉireann ar Chur i bhFeidhm an UNSCR 1325 a bhaint amach ach freisin na gnéithe Cé, Céard, Cén Fáth, Cén Áit agus Cén Uair ó thaobh chur i bhfeidhm an UNSCR 1325 a phleanáil.

Sa bhreis air sin, bunaíodh Grúpa Chur i bhFeidhm UNSCR 1325 ar a raibh comhaltaí pearsanra as gach príomhbhrainse míleata, Bainistiú Acmhainní Daonna, Oibríochtaí/Pleananna, Traenáil, agus as Scoil Traenála na NA in Éirinn. Bhí sé de dhualgas ar an nGrúpa Chur i bhFeidhm peirspictíocht inscne a lánpháirtiú isteach i ngach ceann de na brainsí ionas go mbeidh saincheisteanna inscne agus comhionannais fite fuaite i bpleananna Óglaigh na hÉireann, agus i nósanna imeachta agus i dtraenáil ag gach leibhéal laistigh d'Óglaigh na hÉireann.



## An tSeirbhís Tacaíochta Pearsanra

Oibríonn Óglaigh na hÉireann Seirbhís Tacaíochta Pearsanra (STP) ar seirbhís rúnda í a thugann eolas, oideachas sóisialta, tacaíocht agus seirbhís atreoraithe a dearadh chun rochtain a thabhairt do chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann ar eolas agus sheirbhísí ó laistigh den phobal míleata agus lasmuigh de. Clúdaíonn an cineál eolais a chuireann an STP ar fáil réimse leathan ábhar ó chúrsaí airgeadais go feasacht faoi alcól agus dhrugaí. Ar leibhéal eile soláthraíonn an STP comhairleacht agus / nó tacaíocht maidir le gnéithe de chaidrimh phearsanta, d'ábhair thuismitheoireachta, d'fhadhbanna clainne, de scaradh agus de mhéala.

Sular imscaradh thar lear iad, tugadh treoir ar bhainistíocht strus do na comhaltaí pearsanra go léir agus sular fhill siad abhaile, thug comhaltaí den STP cuairt ar cheantar an mhisin agus rinne siad dí-mhionteagasc maidir le strus. Chun feabhas a chur ar na seirbhísí tacaíochta a bhí ar fáil do chomhaltaí pearsanra ag seirbheáil thar lear, tá an line Cúram Foirne, seirbhís rúnda agus neamhspleách ar fáil do chomhaltaí pearsanra atá ag seirbheáil le Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL).

Cuireadh traenáil STORM (traenáil bunaithe ar scileanna agus ar Bhainistíocht Riosca) ar fáil do chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann. Déanfar sin a leathadh amach i ngach láthair mhíleata in 2014. Lean an STP freisin ag cur tacaíocht Bainistíochta Struis Teagmhais ar fáil do Gharda Chósta na hÉireann ceithre Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse.

## Grúpa Monatóireachta Neamhspleách

Bhunaigh an tAire Cosanta an Grúpa Monatóireachta Neamhspleách (GMN) i mBealtaine 2002 chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a tháinig chun cinn as tuarascáil ar an méid ciaptha, bulaíochta, idirdhealaithe agus ciaptha gnéasach atá ag tarlú laistigh d'Óglaigh na hÉireann.

D'fhoilsigh an GMN a chéad thuarascáil (Freagairt ar Dhúshlán san Áit Oibre) i Meán Fómhair 2004 agus foilsíodh an dara tuarascáil i Nollaig 2008. Moladh sa dara tuarascáil go mba chóir go ndéanfaí athbhreithniú breise ar dhul chun cinn roimh dheireadh 2013.

Ag teacht leis an moladh seo, in 2013, rinne an tAire an GMN a athbhunú ionas go bhfaighfí amach an dul chun cinn a rinneadh sna cúig bliana idir eatarthu.

Chuir an Grúpa Athbhreithnithe, ar a raibh ionadaithe ón Roinn Cosanta, ó Óglaigh na hÉireann agus ó Chumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta (RACO), agus ó Chomhlachas Ionadaitheach Chéimnigh Eile na mBuan-Óglach (PDFORRA) atá faoi chathaoirleacht neamhspleách an Dochtúra Eileen Doyle, tús leis an obair i Meán Fómhair 2013. Táthar ag súil go gcuirfear an tuarascáil i gcrích i mBealtaine 2014.

Rinneadh Treoir Riaracháin Óglaigh na hÉireann A7 – Caibidil 1 – Caidrimh Idirphearsanta in Óglaigh na hÉireann a nuashonrú agus a eisiúint arís i rith 2013. Thug an nuashonrú na cáipéise i gcomhréir leis na forbairtí is déanaí sa reachtaíocht náisiúnta agus tugadh isteach leis freisin próiseas eadrána in Óglaigh na hÉireann.

## Cur i bhFeidhm an Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Liachta Óglaigh na hÉireann

Tá ceithre phríomhchuspóir seirbhíse ag an gCór Liachta:

- Sláinte agus Folláine a chothabháil agus a chur chun cinn i measc comhaltaí na mBuan-Óglach (PDF);
- Chomh ullamh ó thaobh liachta atá an PDF do ghníomhaíochtaí oibríochta sa bhaile agus thar lear a uasmhéadú;
- Tacaíocht liachta allamuigh a chur ar fáil sa suíomh oiliúna agus sa suíomh oibríochta, sa bhaile agus thar lear.
- Lena chinntiú go bhfuil comhaltaí Cúltaca sách folláin dá ról mar chuid de Struchtúr Aon-Fhórsa

Seirbhísí cúraim phríomhúil ghinearálta, sláinte cheirde, fisiteiripe, meabharshláinte agus seirbhísí déidliachta na príomhsheirbhísí liachta a eagraíonn agus a chuireann an Cór Liachta ar fáil. Fostaíonn an Cór Liachta Oifigigh Liachta, Oifigigh Déidliachta, cógaiseoirí agus gairmithe liachta eile a chuireann na seirbhísí ar fáil, le tacaíocht ó dhochtúirí, fiaclóirí agus gairmithe liachta speisialaithe eile a bhfuil de chúram orthu seirbhísí liachta a chur ar fáil d'Óglaigh na hÉireann. Is dochtúir den chineál Cleachtadh Ginearálta a bhíonn in Oifigeach Liachta de chuid Óglaigh na hÉireann a oibríonn ina dhochtúir sa timpeallacht mhíleata sa bhaile agus thar lear.

Rinneadh athbhreithniú ar an tslí a bhféadfaí na seirbhísí sin a sheachadadh mar thoradh ar easpa gairmithe liachta sa Chór Liachta le blianta beaga anuas. An aidhm atá ann ná forbairt ar sheirbhís liachta lánpháirtithe inbhuanaithe a bhrú chun cinn, seirbhís a chuimseoidh soláthar seirbhísí inmheánach agus seachfhoinsithe araon. Tá plean tionscadail leagtha amach chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí liachta faoi leith, le súil agus an modh seachadta is inbhuanaithe agus is éifeachtaí ó thaobh costais a aithint, agus leanfar lena chur i bhfeidhm in 2014.

Chomh maith leis sin, táthar ag fiosrú, i gcomhar le Comhairle na nDochtúirí Leighis, na saincheisteanna maidir leis an bhféidearthacht go dtabharfaí aitheantas do Leigheas Míleata mar speisialtóireacht liachta.

## Tástáil Drugaí Randamach Éigeantach (TDRÉ) & Tástáil Drugaí Spriocdhírithe (TDSD)

Tacaíonn Tástáil Drugaí Randamach Éigeantach (TDRÉ) agus Tástáil Drugaí Spriocdhírithe (TDSD) le beartas Óglaigh na hÉireann i leith dhrochúsáid nó mhí-úsáid drugaí. Tá seo bunaithe ar an mbonn go bhfuil seilbh neamhdhleathach, soláthar nó úsáid substaint rialaithe ar neamhréir le ballraíocht ar Óglaigh na hÉireann. Is é príomhchuspóir an TDRÉ agus an TDSD ná díspreagadh.

Tá Óglaigh na hÉireann fós mar eagraíocht cheannasach i ndáil le tástáil drugaí san ionad oibre in Éirinn. Chun díspreagadh a dhéanamh go hinchreidte, tá an clár tástála ceaptha chun cinntiú gur féidir tástáil a dhéanamh a chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann arna roghnú go randamach.

In 2013, rinne foireann tástála drugaí Óglaigh na hÉireann 14 oibríocht tástála drugaí, agus tástáladh 1,054 comhalta pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann. As na 1,054 tástáil fuarthas toradh dearfach ar 98.77% díobh. Fuarthas toradh dearfach ar 13 thástáil a bhí comhionann le 1.23% de líon iomlán na dtástálacha a rinneadh. Glacadh gníomh riaracháin cuí i ngach cás. Amhail an 31 Nollaig 2013, bhí 5 comhaltaí pearsanra ó Óglaigh na hÉireann faoi réir tástála drugaí spriocdhírithe.

***Tábla 2.7 Tástáil Drugaí Randamach Éigeantach do na blianta 2009 – 2013***

| Bliain | Líon iomlán a tástáladh | Tástálacha Dearfacha |
|---|---|---|
| 2009 | 1,719 | 6 |
| 2010 | 1,586 | 7 |
| 2011 | 1,362 | 6 |
| 2012 | 2,058 | 16 |
| 2013 | 1,054 | 13 |
| **Iomlán** | **7,779** | **48** |

***Tábla 2.8 Líon na dTástálacha Drugaí Randamach Éigeantach a rinneadh de réir ionaid in 2013***

| Eagar | Iomlán |
|---|---|
| 2ú Briogáid | 219 |
| 1ú Briogáid | 567 |
| Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann | 66 |
| An tAerchór | 0 |
| An tSeirbhís Chabhlaigh | 202 |
| Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann | 0 |
| Thar Lear (UNIFIL) | 0 |
| **Iomlán** | **1,054** |

## Sásamh in Éagóracha

Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas Sásamh in Éagóracha i rith 2013 agus táthar leis sin a thabhairt chun críche in 2014.

***Tábla 2.9 Iarratais ar Shásamh Éagóracha***

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| Forbairt Gairme | 44 | 49 | 59 | 39 |
| Caidrimh Idirphearsanta | 4 | 4 | 7 | 3 |
| Eile | 13 | 31 | 44 | 69 |
| **Iomlán** | **61** | **84** | **110** | **111** |

### Scéim Réitigh agus Eadrána Óglaigh Na hÉireann

Próiseáladh tuairim is 145 éileamh tríd an Scéim Réitigh agus Eadrána i rith 2013.

### Cumann Ionadaíochta na nOifigeach Coimisiúnta (RACO)

Le linn 2013, lóisteáil an RACO roinnt éileamh nua ag an gComhairle Eadrána, a pléadh ag cúig chruinniú den Chomhairle. Síníodh dhá thuarascáil comhaontaithe/ easaontaithe i rith 2013. Níor reáchtáladh aon éisteachtaí éascaithe ná breithnithe ag eascairt ó éilimh le linn 2013 ó tharla gur raibh ceapachán an Mholtóra nua ar Scéim Réitigh agus Eadrána Óglaigh na hÉireann fós á phlé tar éis scor an Mholtóra a bhí ann cheana féin.  Bhí ceithre chruinniú ag Fóram Míleata an DFHG le RACO.

### Comhlachas Ionadaitheach Chéimnigh Eile na mBuan-Óglach (PDFORRA)

Lóisteáil PDFORRA roinnt éileamh nua leis an gComhairle Eadrána le linn 2013. Pléadh na héilimh sin ag cúig chruinniú den Chomhairle. Síníodh dhá thuarascáil ina ndearnadh taifead ar chomhaontú in 2013. Níor reáchtáladh aon éisteachtaí éascaithe agus tuarascáil amháin ná breithnithe ag eascairt ó éilimh i rith 2013 ó tharla gur raibh ceapachán an Mholtóra nua ar Scéim Réitigh agus Eadrána Óglaigh na hÉireann fós á phlé tar éis scor an Mholtóra a bhí ann cheana féin. Reáchtáladh ceithre chruinniú d'Fhóram Míleata an DFHQ ar pléadh réimse saincheisteanna aige.

## Comhaontú Cobhsaíochta Na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 "Comhaontú Bhóthar Haddington"

I dteannta leis an Scéim Réitigh agus Eadrána, tá creat ann a éascaíonn na Comhlachais atá ag dul i ngleic leis an taobh oifigiúil sna cainteanna atá ar siúl ag an am céanna leo siúd idir na Comhpháirtithe Sóisialta ar leibhéal náisiúnta. Cuireadh tús go luath in 2013 le cainteanna maidir le "Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014" a leathnú amach.

Reáchtáladh pléití ar chomhaontú na hEarnála Cosanta idir bainistíocht shibhialta agus mhíleata na hEarnála Cosanta agus Cumainn Ionadaíochta ag an am céanna agus a reáchtáladh  pléití le ceardchumainn na hearnála poiblí a bhaineann leis an ICTU. Ag teacht as na pléití sin, d'eisigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais tograí a bhreithnigh ach a dhiúltaigh formhór ionadaithe foirne na hearnála poiblí ar dtús tar éis ballóide.

Tharla pléití breise ina dhiaidh sin agus chomhaontaigh ceardchumainn na seirbhíse poiblí tograí athbhreithnithe a leagadh amach chun €1 billiún a shábháil ó bhille pá na Seirbhíse Poiblí i mBealtaine 2013 lena n-áirítear bearta a bhaineann le hÓglaigh na hÉireann, mar a leagadh amach i gComhaontú Comhchoiteann na hEarnála Cosanta. Chuir 'Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2016 – Comhaontú Bhóthar Haddington' leis na bearta a bhí leagtha amach i 'gComhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 – Comhaontú Pháirc an Chrócaigh' agus rinne gach páirtí an gealltanas maidir le comhoibriú go hiomlán leis na bearta athraithe agus athchóirithe a bhí sa chomhaontú a dheimhniú arís chun nuachóiriú agus cothabháil na hEagraíochta Cosanta a éascú.

Rinneadh na nithe seo a leanas faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington:

- cuireadh rátaí scála pá nua le chéile agus i bhfeidhm, ina raibh laghduithe pá d'Óglaigh na hÉireann le héifeacht ón I Iúil 2013;
- rinneadh dualgais a bhain le pá Ghrúpa Teicniúil 1 a lánpháirtiú isteach i ndualgais chaighdeánacha do chomhaltaí pearsanra nualiostáilte;
- rinneadh liúntais dualgais slándála agus liúntais ghaolmhara a thabhairt go dtí bunráta na rátaí laethanta i rith na seachtaine;
- cuireadh laghdú 10% i Liúntais Óglaigh na hÉireann áirithe i bhfeidhm;
- cuireadh deireadh le Liúntais Dualgais Teorann agus Teagascóra Speisialta d'Oifigigh;
- comhaontaíodh ceannach amach deonach ar an Liúntas Dualgais Teorann do  chomhaltaí pearsanra liostáilte;
- Comhaontaíodh pointí breisitheacha breise i scálaí pá do chomhaltaí pearsanra nualiostáilte tar éis 1 Iúil 2013.

Leanadh leis an obair freisin ar athbhreithnithe liúntas Pá Teicniúil agus Dualgais Shlándála mar a foráladh i gComhaontú Pháirc an Chrócaigh agus i gcomhdhlúthú Aonad Óglaigh na hÉireann nach bhfuil sách láidir laistigh de Struchtúr dhá Bhriogáid athbhreithnithe.  I rith 2013, leanadh le cur chun cinn atheagrú na mBhuan-Óglach lena n-áirítear athshannadh, uas-sciliú agus ardú céime comhaltaí pearsanra chun dul i mbun post ceannaireachta sa struchtúr eagraíochta nua. Mar gheall ar an atheagrú, tá níos mó comhaltaí foirne ar fáil chun dualgais tús líne a chomhlíonadh agus cuireadh deireadh le poist riaracháin laistigh de struchtúr aon fhórsa.

## Airgeadas

I rith 2013, ghníomhaigh Brainse Airgeadais na Roinne, bunaithe sa Rinn Mhór, i nGaillimh, mar sholáthraí seirbhísí comhroinnte don Roinn Cosanta, d'Óglaigh na hÉireann, don Bhord um Chosaint Shibhialta agus d'Oifig an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann. Tá sé freagrach as gach íocaíocht a dhéanamh agus cuntas a thabhairt orthu (lena n-áirítear párolla agus pinsin) thar ceann na Roinne agus Óglaigh na hÉireann; as comhordú a dhéanamh ar obair a bhaineann leis na meastacháin; agus as pinsin mhíleata a riar (chomh maith le beartas pinsean a chur le chéile). In 2013, roghnaigh an Rialtas oifig na Roinne sa Rinne Mhór mar cheann de na trí láthair d'Ionad Seirbhíse Roinnte Párolla don tSeirbhís Shibhialta, a bheidh bainistithe agus oibrithe faoi struchtúr rialachais aonair.

I measc na dtascanna a chuir an Brainse i gcrích in 2013, bhí cur i bhfeidhm agus monatóireacht na n-athruithe ar fad a bhí de dhíth faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Cuireadh gnéithe párolla den scéim pinsin aonair i bhfeidhm freisin agus rinneadh athruithe riachtanacha ar an bpárolla pinsin a phróiseáil. Rinne an Brainse an próiseas íocaíochta a shruthlíniú i ndáil le híocaíochtaí pinsin, párolla agus neamhphárolla a íoctar ar fad go leictreonach anois le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2013.

Léirítear sa Tábla thíos cuid den ualach oibre a chuir an Brainse i gcrích le linn 2013:

***Tábla 2.10 Idirbhearta Airgeadais 2013***

| | |
|---|---|
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh nár bhain le párolla | 42,212 |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh a bhain le párolla | 491,175 |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh a bhain le párolla pinsin | 145,000 |
| Líon na n-éileamh ar thaisteal & chothabháil a próiseáladh | 24,292 |
| Líon na bpinsean nua a ceadaíodh (seirbhís, míchumas & cleithiúnaigh) | 374 |

***Tábla 2.10 Idirbhearta Airgeadais 2013***

| | |
|---|---|
| Líon na gcásanna a próiseáladh ar bhás pinsinéara | 330 |
| Líon na bhfiosruithe a freagraíodh a bhain le párolla pinsin | 7,025 |
| Líon na bhfiosruithe dlí teaghlaigh a bhain le párolla/pinsin in 2013 | 368 |
| Líon na ráiteas sochar a tugadh in 2013 a bhain le párolla/pinsin | 2,906 |
| Tuarascálacha bainistíochta a foilsíodh | 350 |

## Íoc Pras Cuntas

Ceanglaítear ar ranna Rialtais íocaíocht a dhéanamh le soláthraithe earraí agus seirbhísí laistigh de 15 lá ó shonrasc bailí a fháil. In 2013, d'íoc an Roinn ús íoctha phrais de €411.59 ar 31 sonrasc de bharr íocaíochtaí deireanacha de réir théarmaí Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Ba ionann líon na soláthraithe a fuair ús agus 26. Rinneadh 36,962 íocaíocht le soláthraithe in 2013 agus próiseáladh 93.6% díobh sin laistigh de 15 lá ó shonrasc a fháil, próiseáladh 6% laistigh de 16 go 30 lá agus rinneadh 0.4% d'íocaíochtaí os cionn tréimhse 30 lá.

# Seirbhísí Corparáideacha

## Dlíthíocht

Láimhseálann Brainse Dlíthíochta na Roinne cásanna a thógtar i gcoinne an Aire Chosanta. Soláthraíonn sé faisnéis, tuarascálacha, srl., de réir mar a theastaíonn ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) agus/nó Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO) i dtaobh gach cineál cás dlíthíochta. Áirítear leis na cásanna sin Athbhreithnithe Breithiúnacha ar Éilimh as Díobhálacha Pearsanta, Toghairmeacha Iomlánacha agus Billí Sibhialta. Lean an Brainse ar aghaidh ag glacadh ról gníomhach i mbainistíocht ar riosca dlíthíochta trí chruinnithe rialta leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Sa tábla seo a leanas tugtar cuntas ar an staid maidir le gach cás dlíthíochta amhail an 31 Nollaig 2013:

***Tábla 2.11 Cásanna Dlíthíochta 2013***

| Cineál Cáis | Arna láimhseáil ag | Idir lámha 1/1/13 | Faighte in 2013 | Réitithe 2013 | Idir lámha 31/12/13 |
|---|---|---|---|---|---|
| Díobháil Phearsanta | SCA/ CSSO | 316 | 105 | 138 | 283 |
| Athbhreithniú Breithiúnach | CSSO | 9 | 11 | 11 | 9 |
| Toghairm Iomlánaíoch | CSSO | 11 | 10 | 4 | 17 |
| Achomharc na Cúirte Uachtaraí | CSSO | 3 | 1 | 0 | 4 |
| Bille Sibhialta | CSSO | 15 | 3 | 4 | 14 |
| An Binse Achomhairc Fostaíochta | CSSO | 1 | 0 | 0 | 1 |
| An tÚdarás um Chomhionannas Fostaíochta | CSSO | 1 | 0 | 0 | 1 |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis | CSSO | 2 | 0 | 2 | 0 |
| Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | CSSO | 1 | 0 | 0 | 1 |
| **Iomlán** | | **359** | **130** | **159** | **330** |

Total expenditure on all cases amounted to € 3,798,011 in the year 2013.

***Tábla 2.12 Costais dlíthíochta in 2013***

| | CSSO | | SCA | Ilghnéitheach | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Díobháil Phearsanta | Fostaíocht | Díobháil Phearsanta | Díobháil Phearsanta | |
| Socruithe | €98,130 | €107,939 | €2,054,475 | | €2,260,544 |
| Costais Dlí Gearánaí | €129,053 | €294,589 | €587,192 | | €1,010,834 |
| Costais Míochaine | | | €53,117 | | €53,117 |
| Táillí Aturnae Gníomhaireachta | | | €221,783 | | €221,783 |
| Táillí Abhcóide Gníomhaireachta | | | €144,078 | | €144,078 |
| Táillí Measúnaithe an Bhord Díobhálacha | | | €11,334 | | €11,334 |
| Costais Ilghnéitheacha | | | €55,598 | €40,723 | €96,321 |
| **Iomlán** | **€227,183** | **€402,528** | **€3,127,577** | **€40,723** | **€3,798,011** |

## Iniúchadh Inmheánach

Aonad neamhspleách a thugann tuairisc dhíreach don Ard-Rúnaí é Rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne. Mar sholáthraí seirbhíse, cloíonn an Roinn go dlúth leis na Caighdeáin um Chleachtas Gairmiúil arna leagan síos ag Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha trí dhearbhú neamhspleách agus oibiachtúil a thabhairt don bhainistíocht, idir bainistíocht shibhialta agus mhíleata, chomh maith le gníomhaíocht chomhairliúcháin atá ceaptha chun luach a chur le hoibríochtaí na Roinne agus iad a fheabhsú trí mheasúnú. Baintear é sin amach trí fheabhas a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas um bainistíocht riosca, rialú agus rialachas sa Roinn. Oibríonn an Roinn de réir phlean bliantúil iniúchta, ag clúdach raon iniúchtaí ar chórais, chomhlíonadh agus stóir, a fhaomhann an tArd-Rúnaí. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar obair na Roinne. I rith 2013, chuaigh an roinn i mbun clár iniúchta ar thart ar 160 iniúchadh. Déantar obair na roinne a athbhreithniú ar bhonn leanúnach ag Coiste Iniúchta na Roinne agus i Samhain 2013, cheadaigh an tArd-Rúnaí atheagrú an Choiste, ar a mbeadh 2 chomhalta seachtrach (duine acu sin ina Chathaoirleach) mar aon le 1 ionadaí ó gach taobh sibhialta agus míleata de chuid na hEagraíochta Cosanta, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

## Seirbhís Custaiméara

Tá an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann tiomanta i leith seirbhís custaiméara den scoth a chur ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí lena mbímid ag déileáil leo. In 2013, d'fhoilsigh an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann Cairt Chustaiméirí agus Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís Chustaiméara i gcomhar, ag clúdach an tréimhse idir 2013-2015. Sna cáipéisí, leagtar amach na prionsabail agus na caighdeáin seirbhíse custaiméara ar féidir a bheith ag súil leo ón Eagraíocht. Is féidir cóip den dá cháipéis a fháil ar www.defence.ie.

I rith 2013, thuairiscigh gach Brainse laistigh den Roinn Cosanta ar bhonn ráithiúil i ndáil leis na hamlínte freagartha ar chomhfhreagras custaiméara, an leibhéal teagmhála custaiméirí a fuarthas trí Ghaeilge agus an líon gearán ó chustaiméirí agus an réiteach a rinneadh ar na gearáin sin. Rinneadh beagnach 86,000 teagmhálacha tríd an teileafón, tríd an bpost agus trí ríomhphost.

Leag na tuairisceáin ráithiúla béim ar an bhfíric gur admhaíodh 92% den chomhfhreagras laistigh de thrí lá oibre. Ba é an ráta freagartha laistigh de thrí seachtaine ná 97%. Sa tábla seo a leanas leagtar amach an freagra a tugadh ar an gcomhfhreagras a fuarthas.

***Tábla 2.13 An comhfhreagras a fuarthas sa Roinn Cosanta in 2013***

| | Míreanna comhfhreagrais chustaiméara a fuarthas | Céatadán míreanna comhfhreagrais chustaiméara a admhaíodh laistigh de 3 lá oibre | Céatadán d'fhreagraí cinntitheacha agus eatramhacha a eisíodh do chomhfhreagras custaiméara laistigh de 3 seachtaine oibre |
|---|---|---|---|
| **Iomlán** | 17,106 | 92% | 97% |

## Soláthar Seirbhísí Trí Ghaeilge

Tá an Roinn Cosanta tiomanta chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i ndáil leis an leibhéal seirbhíse a chuirtear ar fáil trí Gaeilge. Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Scéime Gaeilge faoin Acht. Rinne an Oifig sin dhá iniúchadh ar an Roinn i rith 2013 maidir le Scéim Gaeilge na Roinne mar aon lena cuid oibleagáidí comharthaíochta faoi fhorálacha na Rialachán (I.R. 391 of 2008) a rinneadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Dheimhnigh tuarascálacha na n-iniúchtaí go bhfuil an Roinn ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí faoin Acht.

## Saoráil Faisnéise (FOI)

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, meastar gur comhlachtaí ar leithligh iad an Roinn Cosanta, Bord na n-Arm-Phinsean agus Óglaigh na hÉireann chun críocha an Achta. Léirítear i dTábla 2.14 líon na n-iarratas FOI a phróiseáil an Roinn i rith 2013.

| Tábla 2.14 Iarratais FOI na Roinne Cosanta a próiseáladh i rith 2013 | |
|---|---|
| Iarratais Faighte | 40 |
| Deonaithe | 7 |
| Deonaithe i bPáirt | 11 |
| Diúltaithe | 5 |
| Aistrithe | 6 |
| Tarraingthe Siar nó Láimhseáilte lasmuigh de FOI | 12 |
| Tugtha chun críche | *41 |

*Tugadh ar aghaidh ceithre iarratas 4 FOI atá fós le tabhairt chun críche ó 2012.

Léirítear i dTábla 2.15 stádas iarratais FOI a phróiseáil Óglaigh na hÉireann i rith 2013.

| Tábla 2.15 Iarratais FOI Óglaigh na hÉireann 2013 | |
|---|---|
| Iarratais Faighte | 150 |
| Deonaithe | 75 |
| Deonaithe i bpáirt | 32 |
| Diúltaithe | 16 |
| Aistrithe | 0 |
| Tarraingthe Siar nó Láimhseáilte las-muigh de FOI | 1 |
| Tugtha chun críche | 124 |

## Tacaíocht do Ghrúpaí Iarbhall

Tá an Rialtas fós tiomanta maoiniú a chur ar fáil don Organisation of National Ex-Servicemen (ONE) agus don Irish United Nations Veterans Association (IUNVA). Íocadh deontais bhliantúla i gcabhair de €40,000 agus €10,000 faoi seach, le ONE agus le IUNVA ó Vóta na Roinne Cosanta in 2013.

## Tionscadal BHAILIÚCHÁN na bPinsean Seirbhíse Míleata (1916-1923)

Mar chuid de chlár an Rialtais um Chuimhneacháin Chéad Bliain, tá an Roinn ag catalógú agus ag déanamh digitiú páirteach ar chomhaid phinsin na seirbhíse míleata atá i gcoimeád na gcartlann míleata. Is é cuspóir an tionscadail ná taifid agus comhaid a bhaineann leis an tréimhse ó Sheachtain na Cásca anuas go dtí Cogadh na Saoire agus an Cogadh Sibhialta a chur ar fáil don phobal agus do staraithe. Tá an bailiúchán déanta suas de nach mór 300,000 comhad.

Is é meitheal oibre atá déanta suas d'ionadaithe ón Roinn Cosanta, ó Óglaigh na hÉireann, Roinn an Taoisigh, ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus ón gCartlann Náisiúnta atá ag déanamh maoirseachta ar an tionscadal. Tá foireann cartlannaithe bunaithe agus lean obair an tionscadail ar aghaidh i rith 2013.

Tá sé beartaithe ábhar a scaoileadh isteach sa réimse poiblí. Scaoileadh an chéad ábhar ón mbailiúchán in Eanáir 2014. Ina dhiaidh sin, déanfar scaoileadh rialta ábhair a bhaineann le Cogadh na Saoirse agus leis an gCogadh Sibhialta anuas go dtí 2016.

## Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (ICT)

Is é an Grúpa Stiúrtha um Theicneolaíocht na Faisnéise (ITSC) an comhlacht rialachais fhoriomlán ar shaincheisteanna ICT in Óglaigh na hÉireann, ar an ngrúpa tá comhaltaí sibhialta agus míleata ag leibhéil shinsearacha san eagraíocht. Cinntíonn an ITSC go bhféachtar go straitéiseach ar chláir agus go gcuirtear prionsabail VFM i bhfeidhm ar chaiteachas ICT. Tá cláir chaiteachais faoi réir chead sonrach a fháil ón Rannóg Rialaithe ICT sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cuireann tacaíocht ICT na hardáin theicniúla agus córais ar fáil chun cur ar chumas bainisteoirí gnó a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Sna córais ICT straitéiseacha tá córais eolais bhainistithe, córas pearsanra Óglaigh na hÉireann, próiseáil cuntas agus íocaíochtaí, córas fardalach agus próiseáil párolla chun comhaltaí foirne agus pinsinéirí a sheirbheáil. Tá cothabháil agus forbairt na n-ardán agus na gcóras teicniúil seo mar chuid lárnach den chlár tacaíochta 2013.

Leanfar ar aghaidh ag úsáid ICT chun táirgiúlacht, éifeachtúlacht agus éifeacht a ardú tráth a mbeidh seirbhísí agus eolas á sheachadadh laistigh den eagraíocht. Beidh ICT mar chuid lárnach den obair a dhéanann an eagraíocht.

CUID 3

# Aschuir Oibriúcháin Óglaigh Na hÉireann

# CUID 3:
# Aschuir Oibriúcháin Óglaigh Na hÉireann

Lean Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag seachadadh raon leathan d'aschuir oibriúcháin ar fud na ról éagsúil atá sannta dóibh. Tarraingítear na cumais a úsáidtear le haghaidh na n-oibríochtaí, sa bhaile agus thar lear, ó linn seasta acmhainní. Murab ionann le go leor náisiún eile, soláthraíonn Óglaigh na hÉireann réimse leathan d'aschuir oibriúcháin, ar bhonn leathan, thar speictream leathan. Ar an mbealach sin déantar úsáid cumas cosanta a uasmhéadú.

## Imscarthaí Thar Lear ar Oibríochtaí Tacaíochta Síochána

Agus oibríochtaí thar lear á bpleanáil agus tacaíocht á tabhairt dóibh, tá comh-rannpháirtíocht comhaltaí foirne Óglaigh na hÉireann agus na Roinne mar ghné riachtanach i mbainistíocht éifeachtach imscarthaí. Áirítear leis sin athbhreithniú ar oibríochtaí féideartha, pleanáil uainíochta, pleanáil soláthair agus traenáil. Oibríonn an Roinn agus Óglaigh na hÉireann as lámh a chéile chun cinntiú go n-uasmhéadaítear na roghanna atá ar fáil don Rialtas chun a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, mar bhealach chun cuspóirí beartais eachtraigh agus cosanta na hÉireann a chur ar aghaidh.

I rith 2013, imscaradh tuairim is 1,190[7] comhalta de na Buan-Óglaigh chuig misin éagsúla thar lear lenar áiríodh postuithe leis na NA, an AE, OSCE agus PfP / NATO. I dTábla 3.1 tugtar an miondealú de réir na gcatagóirí misin ar an 1 Eanáir 2013 agus an 31 Nollaig 2013.

I Meán Fómhair 2013, d'imscar Éire chuig misean na NA nua sa tSiria, UNDOF (Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe). Imscaradh Grúpa Coisithe Meicnithe de 115 comhalta pearsanra chuig limistéar Arda Golan chun Complacht Cúltaca Fórsa a chur ar fáil chun cur le cumas féinchosanta an mhisin UNDOF.



Bhain príomhghealltanas eile na hÉireann le linn na bliana le Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL) mar chuid de Chathlán Éireannach Fionlannach (IRISHFINN BATT) faoi cheannas na hÉireann. Laghdaigh Éire a gealltanas i leith an aonaid i Samhain 2013, ó 332 comhalta pearsanra go dtí 185, nuair a ghlac an Fhionlainn seilbh ar an ról ceannaireachta agus d'imscar meitheal ag leibhéal complachta breise.

Áiteanna eile, lean Éire ar aghaidh ag imlonnú chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann thar lear i misin bhreathnóra agus in imscarthaí trúpa mar an bhFórsa Cúnamh Slándála Idirnáisiúnta (ISAF) an Afganastáin, Fórsa na Cosaive (KFOR) faoi stiúir NATO agus Operation ALTHEA de chuid Fhórsa an Aontais Eorpaigh (EUFOR) sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Choimeád Éire an ról mar cheannaire misin ar Mhisean Traenála an Aontais Eorpaigh (EUTM) an tSomáil le linn 2013. An 26 Feabhra 2013, cheadaigh an Rialtas thart ar ochtar comhalta de na Buan-Óglaigh a imscaradh chun dul i mbun seirbhíse leis an EUTM Mailí. Lean Oifigigh Foirne agus Breathnóirí Míleata ar aghaidh ag glacadh ról luachmhar in Oibríochtaí Tacaíochta Síochána (OTSanna) i dtíortha agus i réigiúin mar Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, an Cósta Eabhair, an tSahára Thiar, an Meán-Oirthear agus ar fud na mBalcán agus iad ag seirbheáil sna Náisiúin Aontaithe, san AE agus an OSCE. Seirbheálann comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann i bhfoirne míleata an AE agus NATO/PfP sa Bhruiséil agus leis an OSCE i Vín, áit a raibh príomhcheapacháin éagsúla acu.

***Tábla 3.1 Postuithe na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann Thar Lear – 2013***

| MISEAN | 01-EAN-13 | 31-NOL-13 |
|---|---|---|
| Oibríochtaí faoi cheannas na Náisiún Aontaithe | | |
| UNTSO ( An Meán-Oirt-hear) | 12 | 13 |
| MINURSO (An tSahára Thiar) | 3 | 3 |
| MONUSCO (Poblacht Dhaonlathach an Chongó) | 3 | 4 |
| UNOCI (Cote d'Ivoire) | 2 | 2 |
| Ceanncheathrú UNIFIL (An Liobáin) | 16 | 16 |
| Cathlán Coisithe UNIFIL (An Liobáin) | 337 | 185 |
| Ceanncheathrú Sector West UNIFIL (An Liobáin) | 8 | 8 |

Fonóta

7 Léiríonn sin an líon iomlán a d'fhéadfaí a imscaradh nó a imchasadh ar ais i rith 2013.

| ***Tábla 3.1 Postuithe na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann Thar Lear – 2013*** | | |
|---|---|---|
| MISEAN | 01-EAN-13 | 31-NOL-13 |
| Grúpa Coisithe UNDOF (Arda Golan) | - | 114 |
| Ceanncheathrú UNDOF (Arda Golan) | - | 4 |
| UNMAS | - | 4 |
| **FO-IOMLÁN (NA NA)** | **381** | **353** |
| Oibríochtaí faoi cheannas an Aontais Eorpaigh | | |
| EUFOR (An Bhoisnia & an Heirseagaivéin) | 7 | 8 |
| An Cathghrúpa Ostra-Ghearmánach | 1 | - |
| EUTM an tSomáil | 10 | 7 |
| EUTM Mailí | - | 8 |
| **FO-IOMLÁN (AE)** | **18** | **23** |
| Oibríochtaí faoi cheannas NATO | | |
| Ceanncheathrú KFOR | 12 | 12 |
| ISAF (An Afganastáin) | 7 | 7 |
| **FO-IOMLÁN (NATO/ PfP)** | **19** | **19** |
| Oibríochtaí faoi cheannas OSCE | | |
| OSCE | 4 | 4 |
| **FO-IOMLÁN (OSCE)** | **4** | **4** |
| Postuithe mar Ionadaithe/Chomhairleoirí/ Chomhaltaí Foirne Míleata | | |
| UNNY (Nua Eabhrac) | 1 | 1 |
| EUMS (An Bhuiséil)* | 4 | 5 |
| NATO/PFP (An Bheilg) | 5 | 5 |
| TOSCAIREACHT NA HÉIREANN CHUIG OSCE (VÍN) | 2 | 1 |
| CSDP/PSC (An Bhruiséil)* | 9 | 7 |
| FO-IOMLÁN (Ionadaithe/ Comhairleoirí/Comhaltaí Foirne Míleata) | 21 | 19 |
| **Iomlán na gComhaltaí Pearsanra Thar Lear** | **443** | **418** |

*Agus imscartar comhaltaí foirne sibhialta agus míleata ón Eagraíocht Chosanta chuig oifigí CSDP/PSC agus NATO/ PfP sa Bhruiséil

## Fórsa Eatramhach Na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL)

Don chuid is mó de 2013, bhí 361 comhalta pearsanra san iomlán ó Óglaigh na hÉireann ag seirbheáil le Fórsa Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL). Tá an Comhchathlán bunaithe i Sector West de réimse oibríochtaí UNIFIL i gceantar a d'ainmnigh an Ceannaire Fórsa, in aice le At Tiri, le dhá phost ar an 'Líne Cúlaithe' (nó an Líne Ghorm mar a thugtar freisin uirthi) a scarann an Liobáin agus Iosrael óna chéile.

In 2013, rinneadh ceapachán Bhriogáidire-Ghinearál de chuid Óglaigh na hÉireann a ceapadh ina Leascheannaire Fórsa in Aibreán 2012 a shíneadh go dtí Aibreán 2014 ar iarratas ó na NA. Bhí Éire i gceannas ar Chomhchathlán Éireannach Fionlannach ina raibh 337 pearsanra Éireannach ar an iomlán go dtí 26 Samhain 2013. Ar an dáta sin, chuaigh an Fhionlainn de réir na gcomhaontuithe isteach in imscaradh an chomhchathláin, ghlac siad ceannas ar an gComhchathlán agus d'imscar siad complacht breise. Mar thoradh air sin, laghdaigh cúnamh na hÉireann do UNIFIL go dtí 209 comhalta pearsanra (185 sa díorma agus 24 i bpostuithe ceanncheathrún teascóige agus misean).

Rinneadh dhá huainíocht Cathláin i rith 2013. I mBealtaine 2013, chuaigh an 108ú Cathláin in ionad an 107ú Cathláin agus le linn Samhain 2013, chuaigh an 42ú Grúpa Coisithe in ionad an 108ú Cathlán.




## Fórsa Breathnóireachta Díscoir na Náisiún Aontaithe (UNDOF)

An 22 Meitheamh 2013, tar éis cead a fháil ón Rialtas, imscaradh trí chomhalta de na Buan-Óglaigh chun dul i mbun seirbhíse ag Ceanncheathrú UNDOF sa tSiria. I Meán Fómhair 2013, imscaradh an ceathrú chomhalta de na Buan-Óglaigh chuig an gCeanncheathrú misin chun dul i mbun an phoist mar Oifigeach Cosanta Fórsa.

Mar fhreagra ar iarratas breise ó na Náisiúin Aontaithe agus tar éis cead a fháil ón Rialtas agus ón Dáil, cuireadh i gcrích go rathúil imscaradh an 43ú Grúpa Coisithe, ar a raibh 115 comhalta pearsanra, chuig UNDOF ar Arda Golan an 28ú Meán Fómhair 2013. Tá sé de dhualgas ar an 43ú Grúpa Coisithe go príomha seirbheáil mar Fhórsa Cúltaca Soghluaiste laistigh de Limistéar Freagrachta UNDOF.

## Fórsa an Aontais Eorpaigh (Eufor) – An Bhoisnia Agus an Heirseagaivéin (BiH)

Leanann Operation ALTHEA de chuid EUFOR ar aghaidh ag díriú ar thimpeallacht shábháilte agus shlán a choimeád agus maoirseacht á déanamh ar aistriú tascanna míleata chuig údaráis náisiúnta. Rinneadh an sainordú don mhisean sin a athnuachan an 12 Samhain 2013, ar feadh dhá mhíosa déag eile go dtí Samhain 2014. Tá an tAE dírithe ar Operation ALTHEA a aistriú ó oibríocht mhíleata um forfheidhmiú na síochána go misean traenála agus tacaíochta, atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhórsaí slándála an BiH agus iad ag glacadh freagrachta as slándáil inmheánach na tíre. Tá seachtar gcomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann imscartha ar an misean seo; tá siad go leor suite sa Cheanncheathrú i Sairéavó.

## Misean Traenála An Aontais Eorpaigh (EUTM) An tSomáil

Seoladh EUTM i 2010 chun fórsaí slándála Rialtas Feidearálach Idirthréimhseach na Somáile a thraenáil. In Eanáir 2013, ghlac an Chomhairle Eorpach le cinneadh chun sainordú misin EUTM an tSomáil a shíneadh go dtí 31 Márta 2015. Cheap an Chomhairle freisin Briogáidire-Ghinearál ó Óglaigh na hÉireann mar an Ceannaire Misin nua ón 1 Feabhra 2013.

Thug Éire deichniúr san iomlán don mhisean in 2013. Ghlac triúr comhaltaí pearsanra ó Óglaigh na hÉireann páirt i gcomhfhoireann traenála le Fórsaí Armtha Mhálta a chuir traenáil ar bun i gcampa traenála Bihanga. Bhí an Ceannaire Misin agus cúigear comhaltaí pearsanra eile as Óglaigh na hÉireann lonnaithe sa Cheanncheathrú Misin i Kampala, Uganda. Bhí an tOifigeach eile as Óglaigh na hÉireann lonnaithe i gCillín Tacaíochta Cheanncheathrú an Mhisin sa Bhruiséil.

## Misean Traenála An Aontais Eorpaigh - EUTM Mailí

An 17 Eanáir 2013, bhunaigh an Chomhairle Eorpach Misean Traenála an AE (EUTM Mailí). Sheol Comhairle Gnóthaí Eachtracha an misean go foirmiúil ar an 18 Feabhra 2013 agus mairfidh a céad mandáid ar feadh cúig mhí déag.

Is é cuspóir an mhisin ná cumas Fórsaí Armtha Mhailí a fheabhsú chun slándáil sa Mhailí a chothabháil agus údarás Rialtas Mhailí a athbhunú mar aon le sláine críche Stát Mhailí. Mar aon le traenáil choisithe caighdeánach, táthar ag cur traenáil ar fáil sa dlí daonnúil idirnáisiúnta agus i gcosaint shibhialtach agus cearta daonna.

An 26 Feabhra 2013, cheadaigh an Rialtas ochtar comhalta a imscaradh chuig na Buan-Óglaigh chun seirbheáil le EUTM Mailí mar chuid den chomh-mheitheal traenála le Fórsaí Armtha na Ríochta Aontaithe. Rinneadh triúr Oifigeach agus cúigear Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe a imscaradh go dtí EUTM Mailí an 23 Márta 2013, chun seal dualgais a chur i gcrích ar feadh thart ar cúig mhí. Imchasadh an fhoireann traenála i Meán Fómhair 2013. Cé gur oibrigh fórsaí na hÉireann agus na RA le chéile i láithreacha agus in oibríochtaí éagsúla ar feadh na mblianta, oibríochtaí Blue Hat na NA san áireamh mar aon le hoibríochtaí faoi cheannas an AE agus NATO sna Balcáin agus san Afganastáin, seo é an chéad uair ar imscaradh comh-mheitheal na RA/na hÉireann ar oibríocht den sórt sin.

## Fórsa na Cosaive (KFOR)

Leanann Éire ar aghaidh ag cur leis an OTS faoi údarás na NA agus faoi cheannas NATO sa Chosaiv (KFOR). Ag deireadh 2013, bhí dhá chomhalta pearsanra déag as Óglaigh na hÉireann ag seirbheáil i gCeanncheathrú KFOR in Pristina.

## An Fórsa Cúnamh Slándála Idirnáisiúnta (ISAF) – An Afganastáin

I rith 2013, lean seachtar gcomhalta pearsanra ó Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag seirbheáil san Afganastáin mar chuid den Fhórsa Cúnamh Slándála Idirnáisiúnta faoi cheannas NATO. D'oibrigh na comhaltaí pearsanra Éireannacha, atá lonnaithe i gCeanncheathrú ISAF i gCabúl, i bpoist foirne agus riaracháin.

## Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip (OSCE)

Comhlacht slándála uile-Eorpach é an OSCE a oibríonn i socrú réigiúnach faoi Chaibidil VIII de Chairt na NA. Tá an OSCE mar phríomhuirlis um rabhadh luath, chosc coinbhleachta, bhainistíocht géarchéime agus athshlánú iarchoinbhleachta. Glacann sé cur chuige uathúil agus cuimsitheach i dtreo na slándála trína ndéileáiltear le trí ghné den tslándáil; an gné dhaonna, an ghné pholaitiúil-mhíleata agus an ghné eacnamaíochta-chomhshaoil. Leanann ceathrar comhaltaí pearsanra de chuid Óglaigh na hÉireann ar aghaidh ag seirbheáil leis an OSCE, triúr sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus duine sa Vín. Bhí oifigeach amháin eile fós imscartha mar Chomhairleoir Míleata i dToscaireacht na hÉireann don OSCE sa Vín.

## Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Maoirseacht Ar Shos (UNTSO)

I rith 2013, lean Éire ar aghaidh ag imscaradh dhá chomhalta déag pearsanra ó Óglaigh na hÉireann mar bhreathnóirí míleata laistigh de cheantar Misin UNTSO an Liobáin, an tSiria agus Iosrael. Cheap na Náisiúin Aontaithe comhalta de chuid Óglaigh na hÉireann ina Cheannaire Misin agus ina Cheann Foirne ar an misean UNTSO in Iúil 2013.

### Seirbhís Gnímh Mhianach na Náisiún Aontaithe (UMAS) sa tSúdáin Theas

Ar iarratas ó na Náisiúin Aontaithe agus tar éis cead a fháil ón Rialtas, imscaradh ceathrar comhalta de chuid an Bhuanfhórsa Cosanta le seirbheáil le Seirbhís Gnímh Mhianach na Náisiún Aontaithe (UNMAS) sa tSúdáin Theas i Lúnasa 2013. Is é an ról atá acu ná sainfhoireann traenála a chur ar fáil ar Dhiúscairt Muinisean Nósmhar (CMD), ar fheasacht cuardaigh mianach agus speisialtachta do Phóilíní sa tSúdáin Theas.



## Oibríochtaí Cúnaimh Don Chumhacht Shibhialta (ATCP)

Is iad an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Garda Síochána go príomha atá freagrach as slándáil intíre. Tá ról lárnach ag Óglaigh na hÉireann maidir le ATCP a thabhairt de réir iarratais. Léiríonn Tábla 3.2, 3.3 agus 3.4 líon agus cineál na n-oibríochtaí ATCP áit ar thacaigh Óglaigh na hÉireann leis an nGarda Síochána in 2013.

***Tábla 3.2 Oibríochtaí Cúnaimh don Chumhacht Shibhialta ATCP***

| Oibríochtaí ATCP | Líon na nOibríochtaí |
|---|---|
| Tionlacain Airgid faoi Bhealach (AFB) | 1,995 |
| Tionlacain AFB Euro | 11 |
| Tionlacain Phríosúnaigh | 141 |
| Slándáil Ospidéal | 29 |
| Glaonna amach um Diúscairt Ordanáis Phléascaigh (DOP) | 250 |
| Tionlacain Phléascach | 7 |
| Patróil i bhFoirgnimh Phoiblí | 520 |
| Patróil sa Bhanc Ceannais | 730 |
| Dualgais Slándála Aerfoirt | 324 |
| Oibríochtaí Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh (ATCP) | 12 |
| **Líon Iomlán na nOibríochtaí ATCP** | **4,019** |

***Tábla 3.3 Soláthar slándála laethúil ATCP***

| Oibríochtaí ATCP | Líon laethanta |
|---|---|
| Slándáil i bhFoirgnimh Rialtais | 365 |
| Garda Slándála sa Bhanc Ceannais | 365 |
| Dualgais Slándála i bPríosún Phost Laoise | 365 |
| Táirgeadh pléascach, Garda Slándála | 365 |

***Tábla 3.4 Eitilt Oibríochta ATCP an Aerchóir***

| Oibríochtaí ATCP | Misin | Líon Iomlán Uaireanta Eitilte |
|---|---|---|
| Oibríochtaí Tionlacain Airgid | 314 | 935.74 |
| Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána (GASU) | 1,156 | 1,226.68 |


## Aonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána (GASU)

Tugann an tAerchór tacaíocht don Gharda Síochána trí dhá héileacaptar agus aerárthach sciatháin dhobhogtha a oibriú, a chuimsíonn an GASU. Soláthraíonn an tAerchór maoirseacht agus píolótaíocht rialála don GASU agus cothabháil don aerárthach sciatháin dhobhogtha (Defender). Tá tacaíocht an Aerchóir don GASU clúdaithe ag téarmaí Comhaontú Seirbhíse (CS) leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

## Diúscairt Ordanáis Phléascaigh (EOD)

Soláthraíonn foirne EOD atá ag oibriú i réimse an ATCP cumas uathúil freagartha laistigh den Stát chun déileáil le teagmhais EOD. Forbraíodh an cumas sin thar blianta fada i dtimpeallachtaí oibriúcháin, sa bhaile agus thar lear a chuimsíonn oibríochtaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN). Thug foirne EOD Óglaigh na hÉireann freagra ar 250 glaoch amach in 2013.

Sa tábla thíos léirítear an treocht maidir le glaonna amach EOD le blianta beaga anuas.




## An Comh-Tháscfhórsa ar Dhíchumasú Drugaí

Feabhsaíonn an Comh-tháscfhórsa (JTF) ar dhíchumasú drugaí comhoibriú idir an Garda Síochána, an tSeirbhís Chabhlaigh agus na Coimisinéirí Ioncaim, agus an dlí á fhorfheidhmiú maidir le gáinneáil ar dhrugaí ar muir.

## Oibríochtaí Tumadóireachta ATCP

Tá cumas tumadóireachta aeir suas go 50 méadar ag Rannóg Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh (RTSC). Tá trealamh cuardaigh fo-uiscí ar fáil dó freisin lena n-áirítear Feithicil Chianoibrithe (ROV) a ligeann don rannóg cuardach agus suirbhéireacht a dhéanamh go doimhneacht 1,000 méadar.

***Tábla 3.5 Oibríochtaí ATCP Rannóg Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh 2013***

| Oibríochtaí Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh | Oibríochtaí | Líon laethanta |
|---|---|---|
| Glanadh Bearta le haghaidh Árthach Cabhlaigh ar Cuairt | 10 | 5 |
| Slándáil do Longa Cogaidh Iasachta, Athbhreithniú Loingeas na Seirbhíse Cabhlaigh i gCorcaigh | 1 | 4 |
| Long slándála mhullach G8 ar an gcósta thiar & thoir | 1 | 3 |
| **Iomlán** | **12** | **12** |

## Cuidiú leis na hÚdaráis Shibhialta (ATCA) agus Tacaíocht an Phobail

### Freagairt Ar Éigeandálaí

I gcás móréigeandála féadann aon cheann de na Gníomhaireachtaí Príomhfhreagartha (i.e. an Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus na hÚdaráis Áitiúla) tacaíocht Óglaigh na hÉireann a lorg de réir socruithe ar aontaíodh orthu sa doiciméad, "Creat le haghaidh Móréigeandálaí a Bhainistiú".

Féadann Óglaigh na hÉireann ról tábhachtach tacaíochta a chur ar fáil maidir le freagairt ar mhóréigeandáil agus cumais oibriúcháin mhíleata acu ar féidir leas a bhaint astu thar réimse leathan gníomhaíochtaí. Braitheann soláthar tacaíochta Óglaigh na hÉireann ar riachtanais ag eascairt ó éilimh shlándála eile, agus laistigh de na hacmhainní atá ar fáil ag an am. Mar sin féin, toisc go ndéantar plé ar shocruithe a aontaítear roimh ré trí MTanna agus CSanna le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile éascaítear i gcónaí freagairt phleanáilte agus éifeachtúil ó Óglaigh na hÉireann i gcásanna éigeandála.

Chuir Óglaigh na hÉireann tacaíocht daonchumhachta ar fáil d'Ospideál Ginearálta Leitir Ceanainn tar éis tuilte tromchúiseacha i Lúnasa 2013. Thacaigh an pearsanra le hathlonnú trealaimh agus taifead luachmhara.

### Soláthar Sheirbhís Aerárthach Othar

Is é atá i Seirbhís Aerárthach Othar an Aerchóir ná seirbhís aistrithe idir-ospidéil um aistriú tapa othar idir ospidéil nó chuig ospidéil ó oileáin amach ón gcósta áit nach bhfuil an Garda Cósta ar fáil. Ina theannta sin iompraíonn an tseirbhís foirne éigeandála um aisghabháil orgán. Tá soláthar na seirbhíse seo clúdaithe ag téarmaí Chomhaontú Seirbhíse (CS) leis an Roinn Sláinte.

**Tábla 3.6 Misin Aerárthach Othar a rinne an tAerchór in 2013**

| Aerárthach | Misin | Uaireanta Eitilte |
|---|---|---|
| CASA | 26 | 93.26 |
| Learjet 45 | 8 | 13.00 |
| G4 | 1 | 1.15 |
| AW 139 | 66 | 175.09 |
| EC 135 P2 | 1 | 2.83 |
| **Iomlán** | **102** | **285.33** |

## Seirbhís Tacaíochta Aerleighis Éigeandála (EAS)

Tá comhaontú idir an Roinn Cosanta agus an Roinn Sláinte chun seirbhís Tacaíochta Aerleighis Éigeandála a bhunú atá á oibriú ag an Aerchór chun cuidiú le FSS (an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr) ionas go mbeifear in ann othair a aistriú go gasta chuig saoráid leighis oiriúnach i gcásanna a mbíonn fíor-thábhacht le ham.

Is é aidhm na treoirseirbhíse seo ná measúnú a dhéanamh ar an leibhéal agus ar an gcineál, más ann dó, tacaíochta aerliachta éigeandála thiomnaithe a bheidh ag teastáil chun cuidiú leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharr, go háirithe i bhfianaise cheanglais Chláir Cúram Cliniciúil FSS amhail géarshiondróm cairdiach agus stróc.

Bunaíodh an tseirbhís phíolótach, a oibríonn as Dún Chostúim, Baile Átha Luain ar feadh tréimhse 12 mí le héifeacht ó Mheitheamh 2012. In 2013, chuir an tAerchór 411 misean i gcrích, ar iarratas ón Lárionad Náisiúnta um Chomhordú Aerliachta HSE. Tá sin sa bhreis ar na misin idir-ospidéil a luaitear thuas. Rinneadh an tseirbhís phíolótach a leathnú amach ionas go mbeifear in ann roghanna a bhreithniú maidir le seirbhís EAS buan a bhunú.

## Cúnamh Sibhialta An Aerchóir

De réir na ról atá sannta chuige sa Pháipéar Bán ar Chosaint (2000), tá an tAerchór tiomanta tacaíocht a thabhairt do na húdaráis shibhialta lena n-áirítear Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile.

Chuir an tAerchór cúnamh ar fáil do na húdaráis áitiúla in 2013 mar seo a leanas:

**Tábla 3.7 Misin Cúnaimh Shibhialta a rinne an tAerchór in 2013**

| Aerárthach | Misin | Uaireanta Eitilte | Gníomhaíochtaí |
|---|---|---|---|
| AW 139 | 13 | 46.07 | Cleachtadh móréigeandála<br>Iascaigh Intíre<br>Faoiseamh Sneachta<br>Thuaisceart Éireann<br>An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra<br>Lastas na Sceilge |
| EC 135 P2 | 17 | 60.22 | NPWS<br>Dóiteán ollmhór<br>Suirbhé crann<br>Boscaí ballóide<br>Faireachas Portach<br>Iascaigh Intíre |
| Cessna FR172H | 42 | 129.00 | Suirbhé ar fhiadhúlra<br>Faireachas Portach |
| CASA MPA 235 | 2 | 8.882 | Cleachtadh móréigeandála<br>Suirbhé ar thruailliú |
| **Iomlán** | **74** | **244.11** | |

Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm le Garda Cósta na hÉireann ina leagtar amach an cúnamh cuardaigh agus tarrthála ar féidir leis an Aerchóir agus leis an tSeirbhís Chabhlaigh a chur ar fáil don Gharda Cósta. I dTábla 3.8 thíos léirítear an líon misean cuardaigh agus tarrthála a rinne an tAerchór i rith 2013.

**Tábla 3.8 Misin Chuardaigh agus Tarrthála a d'eitil an tAerchór in 2013**

| Aerárthach | Cineál misin | Líon na misean | Uaireanta iomlána |
|---|---|---|---|
| CASA MPA 235 | IRCG SAR | 15 | 70.55 |
| AW 139 | IRCG SAR | 9 | 21.25 |
| **Iomlán** | | **24** | **91.80** |

## Patróil Mhuirí an Aerchóir

Oibríonn an tAerchór dhá haerárthach patróil mhara CASA CN235 mar thacaíocht don iarracht chun iascaigh a chosaint. Déanann na haerárthaí fadraoin sin patróil ar fud theorainneacha eisiacha iascaigh na hÉireann. Ina theannta sin, úsáidtear aerárthaigh sciathán dhobhogtha eile chomh maith le héileacaptair uaireanta chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta cladaigh.

**Tábla 3.9 Patróil Mhuirí a rinne an tAerchór in 2013**

| Aerárthach | Cineál Misin | Líon na misean | Uaireanta iomlána |
|---|---|---|---|
| CASA MPA 235 | Patról Muirí | 277 | 1,465.72 |
| **Iomlán** | | **277** | **1,465.72** |



## Seirbhís Aeriompair na nAirí (MATS)

Soláthraíonn an tAerchór Seirbhís Aeriompair an Aire chun cabhrú leis an Uachtarán agus le comhaltaí an Rialtais chun a gcuid gealltanas a chomhlíonadh sa bhaile agus thar lear. Is iad na haerárthaí Gulfstream IV agus Learjet 45 go príomha a chuireann an tseirbhís ar fáil. Fuarthas iad go sonrach chun an fheidhm sin a chomhlíonadh.

An 4 Meitheamh 2013, d'fhógair an tAire Shatter, ag teacht le gealltanas a thug an Rialtas, go ndéanfaí eolas staitisticiúil maidir leis an tSeirbhís Aeriompair na nAirí a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne Cosanta. Tá an t-eolas seo ar fáil anois agus déantar é a thabhairt cothrom le dáta go míosúil

**Tábla 3.10 Sonraí faoi Sheirbhís Aeriompair na nAirí in 2013**

| Aerárthach | Líon na Misean | Uaireanta Iomlána |
|---|---|---|
| Gulfstream GIV | 50 | 269.42 |
| Learjet LR45 | 58 | 208.42 |
| AW 139 | 3 | 3.67 |
| CASA MPA 235 | 2 | 11.00 |
| **Iomlán** | **113** | **492.51** |

## Oibríochtaí Cúnaimh na Seirbhíse Cabhlaigh do na hÚdaráis Shibhialta (ATCA) 2013

Is í an tSeirbhís Chabhlaigh príomhghníomhaireacht mhara an Stáit agus soláthraíonn sí an ghné mhara de chumais chosanta an Stáit. Chuir an cabhlach 1,382 lá patróil i gcrích in 2013. Díríodh 1,288 de na laethanta patróil a críochnaíodh ar phatróil cosanta iascaigh agus ar dhualgais eile ATCA. Cuimsíodh anseo soláthar seirbhísí um chosaint iascaigh bunaithe ar aschuir a n-aontaítear orthu leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA). I rith 2013, rinne an tSeirbhís Chabhlaigh líon iomlán de 994 bordáil iascaigh agus coinníodh 16 soitheach iascaigh mar gheall ar sháruithe iascaigh éagsúla.

**Tábla 3.11 Cosaint Iascaigh na Seirbhíse Cabhlaigh in 2013**

| Náisiúntacht | Radhairc | Bordáil | Rabhaidh | Coinneáil |
|---|---|---|---|---|
| Éire | 530 | 404 | 11 | 8 |
| An Spáinn | 346 | 271 | 5 | 1 |
| RA | 120 | 103 | 2 | 3 |
| An Fhrainc | 241 | 192 | 6 | 3 |
| An Bheilg | 8 | 7 | 0 | 0 |
| An Ghearmáin | 2 | 1 | 0 | 0 |
| An Ísiltír | 17 | 7 | 0 | 1 |
| An Rúis | 4 | 3 | 0 | 0 |
| An Iorua | 1 | 1 | 0 | 0 |
| Faró | 1 | 1 | 0 | 0 |
| An Danmhairg | 4 | 4 | 1 | 0 |
| **IOMLÁN** | **1,274** | **994** | **25** | **16** |

Ciallaíonn nádúr chumais agus thascanna na Seirbhíse Cabhlaigh, gur féidir i gcleachtas, gníomhaíochtaí iolracha thar réimse ról a dhéanamh ag an am céanna le linn patról. Agus aschur na laethanta patróil á chomhlíonadh, chríochnaigh an cabhlach ocht long 64 ordú seoltóireachta a bhí ar siúl idir seachtain agus ceithre seachtaine.



**Tábla 3.12 Forbhreathnú ar Oibríochtaí ATCA na Seirbhíse Cabhlaigh**

| Cineál Oibríocht ATCA | Líon na nOibríochtaí |
|---|---|
| Oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála (Tumadóireacht) | 4 |
| Oibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála (Longa) | 11 |
| Comhphatróil Imscartha * | 5 |
| **Iomlán** | **20** |

*Is patróil iascaigh iad Comhphatróil Imscartha a rinneadh le comhoibriú ó bhallstáit AE eile.

**Tábla 3.13 Forbhreathnú ar Chleachtaí ATCA na Seirbhíse Cabhlaigh**

| Cineál Oibríocht ATCA | Líon na nOibríochtaí | Gníomhaíocht |
|---|---|---|
| Cleachtadh Éigeandála Muirí Náisiúnta | 1 | Ex ELVA 13 |
| Cleachtadh JTF | 1 | Cleachtadh monatóireachta tráchta |
| **Iomlán** | **2** | |

## Soláthar Seirbhísí Searmanais Airm

Bíonn Óglaigh na hÉireann fós rannpháirteach i raon leathan imeachtaí searmanais sa bhaile agus thar lear. Chun ullmhú i gcomhair imeachtaí den sórt sin déantar idirchaidreamh idir an Roinn Cosanta, Óglaigh na hÉireann, agus geallsealbhóirí éagsúla lena n-áirítear Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla, Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí Stáit.

I rith 2013, chuaigh Óglaigh na hÉireann i mbun dualgas searmanais ag Paráid Chomórtha Dhomhnach Cásca ag an GPO, ag Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir i gCill Rois, ag Comóradh na gCeannairí ag Cnoc an Arbhair 1916 agus ag an Lá Náisiúnta Comórtha san Ospidéal Ríoga, Cill

Mhaighneann. Sa bhreis ar na himeachtaí seo, mar chuid den chúnamh a thug an Eagraíocht Chosanta do 'The Gathering 2013', reáchtáladh searmanais speisialta seachtainiúla ar feadh míonna an tsamhraidh ag an gCuimhneachán Náisiúnta, Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath chun ómós a thaispeáint do na comhaltaí sin de chuid Óglaigh na hÉireann a bhásaigh agus iad ag seirbheáil ar son an Stáit. I measc na n-imeachtaí searmanais eile ar feadh na bliana bhí Athbhreithnithe Aireachta ar aonad Óglaigh na hÉireann a thaistealaíonn thar sáile. Chuir Óglaigh na hÉireann tacaíocht fhorleathan ar fáil do cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig, do chuairteanna ó Chinn Stáit agus ar ócáidí inar bhronn ambasadóirí eachtracha dintiúir ar Uachtarán na hÉireann.

Ghlac Óglaigh na hÉireann páirt in imeachtaí éagsúla i rith an tsamhraidh i Ros Mhic Treoin agus i mBaile Átha Cliath a reáchtáladh chun ceiliúradh a dhéanamh ar 50ú Comóradh chuairt an Uachtaráin John F. Kennedy ar Éire. An 24ú Samhain 2013, reáchtáladh searmanas Stáit sa Ghairdín Cuimhneacháin chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar bhunú Óglaigh na hÉireann.

An 19 Nollaig 2013, ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i gcomhchomóradh Éireannach agus Sasanach i Flanders sa Bheilg, áit ar taispeánadh ómós do na comhaltaí sin as Éirinn agus as Sasana a gortaíodh sa Chéad Chogadh Domhanda.

## Scoil Cheoil Óglaigh na hÉireann

Chomhlíon grúpaí airnéise de chuid Óglaigh na hÉireann 469 fruilíocht i rith 2013, ba fhruilíochtaí Stáit agus míleata a bhí i bhformhór de na fruilíochtaí sin. Thug bannaí Óglaigh na hÉireann tacaíocht do raon leathan searmanas Stáit cosúil leis an Lá Cuimhneacháin Náisiúnta, ócáid chuimhneacháin Éirí Amach na Cásca 1916, Searmanas 1916 (Cnoc na Seamaire), Lá Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir, Searmanais Shaoránachta, cuairteanna ó Cheannairí Stáit ón gcoigríoch agus ar ócáidí a gcuireann ambasadóirí ón gcoigríoch dintiúir faoi bhráid Uachtarán na hÉireann.

D'fhreastail Óglaigh na hÉireann freisin ar réimse leathan ócáidí sibhialtacha, ag ceol ag mór-imeachtaí spóirt mar chraobhchomórtais rugbaí na Sé Náisiún, ag cluichí sacair idirnáisiúnta agus ag searmanais oscailte agus clabhsúir Seó Capall Bhaile Átha Cliath. Bhí léirithe ollmhóra bannaí ar siúl sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath agus i Halla na Cathrach i gCorcaigh. Bhí bannaí Óglaigh na hÉireann rannpháirteach freisin i roinnt paráidí na Féile Pádraig agus leanadh leis an gclár oideachasúil a bhfuil an-tóir air agus tugadh cuairteanna ar bhunscoileanna agus ar iarscoileanna ar fud an Stáit.

## Scoil Eachaíochta an Airm

I rith 2013, lean Oifigigh a bhí ag marcaíocht ar chapaill spóirt a tógadh in Éirinn ar aghaidh ag baint éachtaí amach ag comórtais eachaíochta cháiliúla ar fud an domhain lena n-áirítear an RDS (Baile Átha Cliath), Linz (an Ostair), La Baule (An Fhrainc), St Gallen (An tSualainn), Liospóin (An Phortaingéil), Hickstead (Sasana), Falsterbo (An tSualainn), Gijon (An Spáinn )agus Sráid an Mhuilinn (Corcaigh).
Bhí an Captaen Michael Kelly ina bhall d'fhoireann na hÉireann a bhuaigh Corn Ard-Sraithe na Náisiún i La Baule, St Gallen, Hickstead agus Gigon agus bhí sé ina bhall d'fhoireann na hÉireann freisin i Linz, i Liospóin agus in Arezzo (An Iodáil). Cuireadh an Captaen Kelly sa Dearbaí Seó Capall Falsterbo agus sa Dearbaí Léime Hickstead freisin.

Ar an gcúrsa Seómharcaíochta Idirnáisiúnta trí-lá, roghnaíodh an Captaen Brian Curran-Cournane agus chuaigh sé san iomaíocht sna Craobhchomórtais Póraithe Domhanda do Chapaill Imeachtaí Óga ag Le Lion d'Angers (An Fhrainc) agus bhuaigh sé freisin sna chéad thrialacha Capall idirnáisiúnta i Mala (Corcaigh). Ghlac an Captaen Geoff Curran agus an Captaen Brian Curran–Cournane araon páirt sna Trialacha Capall Idirnáisiúnta ag Coimpléasc Tattersalls, Tigh na Síog, Co. na Mí i mBealtaine/Meitheamh.

Sa bhreis air sin, thionóil an Scoil Eachaíochta go leor cuairteanna ó bhaile agus ó thar lear agus thionóil sí clinicí do ghrúpaí leasmhara éagsúla sa tionscal. D'éascaigh an scoil cuairteanna eolais ó choláistí agus ó ghrúpaí pobail i rith na bliana.

AGUISÍN 1

# Eolas Airgeadais

## AGUISÍN 1:
## Eolas airgeadais

**_Tábla A.1 2013 Sonraí maidir le Caiteachas ar Vóta Cosanta 2013 de réir catagóire_**

**_* Bunaithe ar Réamhfhigiúirí Aschuir 2013_**

| Catagóir Caiteachais | *€m | % |
|---|---|---|
| Pá agus Liúntais do na Buan-Óglaigh | 448 | 67.2 |
| Pá & Liúntais fhostaithe sibhialta & na hÓglaigh Cúltaca | 27 | 4.0 |
| Trealamh Cosanta | 27 | 4.0 |
| An tAerchór – Trealamh, cothabháil breosla srl. | 18 | 2.7 |
| An tSeirbhís Chabhlaigh – trealamh, cothabháil breosla srl | 36 | 5.4 |
| Costais Dún, deisiúcháin agus cothabháil talún | 24 | 3.6 |
| Foirgníocht - caipiteal (áirítear leis caipiteal arna thabhairt anonn de €1.5m) | 6 | 0.9 |
| Iompar Míleata – feithiclí nua, breosla, deisiúcháin & cothabháil | 10 | 1.5 |
| Cúiteamh | 4 | 0.6 |
| Caiteachas míleata eile nach mbaineann le pá | 41 | 6.1 |
| Buiséad riaracháin | 21 | 3.2 |
| Cosaint Shibhialta, Cumann Croise Deirge na hÉireann. | 5 | 0.8 |
| **Iomlán (Comhlán)** | **667** | **100** |

**_Tábla A.2 Sonraí ar Chaiteachas ar Phinsin Airm le haghaidh 2013 de réir Catagóire_**

**_* Bunaithe ar Réamhfhigiúirí Aschuir 2013_**

| Catagóir Caiteachais | *€m | % |
|---|---|---|
| Scéim (Pinsean) Óglaigh na hÉireann & Íocaíochtaí i dtaobh Seirbhíse Aistrithe | 214.2 | 95.8 |
| Pinsin Chréachta & Míchumais, liúntais agus aiscí, chuig nó i dtaobh iarbhall d'Óglaigh na hÉireann | 8.6 | 3.8 |
| Íocaíochtaí maidir le cleithiúnaigh Iarshaighdiúirí Chogadh na Saoirse agus caiteachas ilghnéitheach eile | 0.8 | 0.4 |
| **Iomlán Comhlán** | **223.6** | **100** |

Tabhair ar aird: D'fhéadfadh neamhréitigh bheaga a bheith i gceist i ngeall ar uimhreacha a shlánú.

AGUISÍN 2

# Grúpaí Oibre Tras-Earnálacha a mBíonn Ionchur ag an Roinn

# AGUISÍN 2:
## Grúpaí Oibre Tras-Earnálacha a mBíonn Ionchur ag an Roinn

- An Coiste Idir-rannach maidir le Forbairt
- An Coiste Idir-rannach maidir le Síochánaíocht
- An Coiste Idir-rannach maidir le Rannpháirtíocht san AE
- An Coiste Idir-rannach maidir le ballraíocht na hÉireann i gComhairle na NA um Chearta an Duine 2013-2015
- An Grúpa Monatóireachta agus Measúnachta ar UNSCR1325
- Grúpa na nOifigeach Sinsearach maidir le Gnóthaí AE
- An Grúpa Comhordaithe Muirí
- An Coiste Rialacha Armchúirte
- Cruinniú Idir-rannach maidir le Comhairle na hEorpa
- An Grúpa Idir-rannach maidir le Grúpa an Údaráis um Shlándáil Náisiúnta.
- An Grúpa Oibre maidir le Dúnorgain Chorparáideach
- An Coiste Idir-rannach maidir le Cibearshlándáil (Ceannairí TFC)
- Grúpa Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí
- An Coiste Idir-rannach chun Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine faoi Mhíchumas a chur i bhfeidhm
- Fóram Pleanála an Fhórsa Saothair Earnálaigh
- An Grúpa Stiúrtha Idir-rannach maidir le Tionscadal Bhailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata
- An Líonra CISM (An Líonra Bainistíochta ar an Strus a Leanann Teagmhais Chriticiúla)
- An Grúpa Idirchaidrimh maidir le Bainistíocht Riosca
- An Grúpa Oibre maidir le Ceimea-phróifiolacsas Maláire
- An Grúpa Idirghníomhaireachta maidir le Tinneas agus Sochair Mháithreachais
- An Coiste Stiúrtha Idir-rannach maidir le Tionscadal Cartlainne Bhailiúchán na bPinsean Seirbhíse Míleata
- OFGUG (grúpa úsáideoirí an Rialtais maidir le Oracle Financials)
- Grúpa Oibre Athnuachana na Státseirbhíse maidir le ceisteanna tras-rannacha
- Líonra na nOifigeach Airgeadais
- Líonra na nOifigeach Pearsanra
- Líonra na nOifigeach Oiliúna
- Líonra na nOifigeach Idirchaidrimh Mhíchumais
- Coiste Feidhmiúcháin na nOifigeach Pearsanra
- Coiste Comhairleach na Seirbhíse Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse
- Líonra na nOifigeach Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
- Coiste Cuimhneacháin Náisiúnta an Ghorta Mhóir
- An Grúpa Pleanála Idir-rannach do Chomóradh Dhomhnach Cásca 1916
- An Grúpa Pleanála Idir-rannach don Lá Náisiúnta Comórtha
- Tascfhórsa an Rialtais maidir le Pleanáil Éigeandála
- An Grúpa Idir-rannach maidir le Pleanáil Éigeandála
- An Foghrúpa Pleanála Éigeandála maidir le Measúnú Riosca Náisiúnta
- An Foghrúpa Pleanála Éigeandála maidir le Rólanna & Freagrachtaí
- An Foghrúpa Pleanála Éigeandála maidir le CBRN
- An Foghrúpa Pleanála Éigeandála maidir le hImeachtaí Aimsire Crua
- An Foghrúpa Pleanála Éigeandála maidir le Cumarsáid & Tuile
- An Foghrúpa Pleanála Éigeandála maidir le Pleanáil Theagmhasach Leictreachais
- An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta maidir le Bainistiú Éigeandála Ollmhóra

- An Grúpa Pleanála Éigeandála Náisiúnta le haghaidh Timpistí Núicléacha (NEPNA)
- Coiste Náisiúnta Feidhmithe maidir le Bainistiú Foinse Radaighníomhaigh as úsáid
- An Coiste Náisiúnta maidir le Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta
- An Coiste Idir-rannach maidir le Gnáth-Airm
- An Coiste Idir-rannach maidir le Neamhiomadú Armán Ollscriosta
- Grúpa Pleanála Teagmhasaí Idirghníomhaireachta Sheirbhís Príosún na hÉireann
- An Coiste Idir-rannach maidir le Slándáil Choimpléacs Thithe an Rialtais
- An Grúpa Oibre agus Coiste Faire Muirí (MARSUR)
- An Grúpa Feidhmithe na Creat-Treorach Straitéise Mara
- Coiste Cuardaigh agus Tarrthála Mara na hÉireann
- Grúpa Feidhmithe an Chórais Taifeadta Leictreonaigh (ERS) (Iascach)
- Grúpaí Bainistithe SLA Leibhéal 1 agus 2, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara
- An Grúpa Comhordaithe Muirí
- An Comhlacht Beartais um an Aerspás Náisiúnta (Úsáid Sholúbtha Aerspáis)
- An Grúpa Náisiúnta Aerliachta
- Grúpa Oibre na seirbhíse Tacaíochta Aerliachta Éigeandála (EAS)
- Grúpa Iniúchta agus Measúnachta na seirbhíse Tacaíochta Aerliachta Éigeandála (EAS)
- Grúpa Stiúrtha Aerárthach Othair Idir Ospidéil
- An Chomhairle Slándála Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta
- Grúpa Stiúrtha Aonad Tacaíochta Aeir an Gharda Síochána

AGUISÍN 3

# Meabhráin Tuisceana (MT) agus Comhaontuithe Seirbhíse (CS)

# AGUISÍN 3:
## Meabhráin Tuisceana (MT) agus Comhaontuithe Seirbhíse (CS)

Chuir an Roinn Cosanta Meabhráin Tuisceana (MT) i gcrích leo seo a leanas:

- An Roinn Talmhaíocht;
- An Roinn Oideachais;
- An Roinn Comhshaoil;
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha;
- An Roinn Sláinte; agus
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tá Comhaontuithe Seirbhíse (CSanna) aontaithe leo seo a leanas:

- Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) - maidir le Seirbhís Aeriompair arna sholáthar ag an Aerchór d'Imscrúdaitheoirí an GSOC.
- An Roinn Sláinte / Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) - maidir le Seirbhís Aerárthaí Othar arna soláthar ag an Aerchór.
- Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEÉ) – maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta idir ÚEÉ agus an tAerchór.
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – maidir le hAonad Aerthacaíochta an Gharda Síochána.
- Garda Cósta na hÉireann (GCÉ) – maidir le Cuardach agus Tarrtháil agus seirbhísí eile arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann don Gharda Cósta.
- Foras na Mara (FM) – maidir le suirbhéanna, comhroinnt faisnéise agus oiliúna idir FM agus an tSeirbhís Chabhlaigh.
- Met Éireann – maidir le sonraí meitéareolaíochta a mhalartú idir an tSeirbhís Chabhlaigh agus Met Éireann.
- An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AIA) – maidir le seirbhísí arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann don AIA i gcás go dtarlaíonn aerthionóisc.
- Oifig na Suirbhéireachta Muirí (OSM) – maidir le seirbhísí slándála calafoirt arna soláthar ag an tSeirbhís Chabhlaigh don OSM.
- Aonad Medico in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, – maidir le cúnamh oiliúna arna sholáthar ag an tSeirbhís Chabhlaigh do Medico.[8]
- Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) – maidir le seirbhísí arna soláthar ag an Aerchóir chuig an OPW i rith imeachtaí aimsire tromchúiseacha.
- Cúnamh Éireann – maidir le raon seirbhísí arna soláthar ag Óglaigh na hÉireann i ndáil leis an tionscnamh Mhearfhreagartha.
- An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) – maidir le seirbhísí arna soláthar ag an tSeirbhís Chabhlaigh agus ag an Aerchór chuig an SFPA maidir le cosaint iascaigh.

Fonóta

8 'Is é 'Medico Cork' an comhartha glao cumarsáide don tSeirbhís Náisiúnta Chúnaimh Theilimhíochaine Muirí a sholáthraíonn a Rannóg Éigeandála in Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh. Soláthraíonn an tseirbhís sin comhairle agus cúnamh míochaine i gcás éigeandálaí míochaine san fharraige nó ar oileán.

AGUISÍN 4

# Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2013

# AGUISÍN 4:
## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2013

Sa chuid seo tugtar cuntas ar úsáid fuinnimh san Eagraíocht Cosanta le haghaidh 2013 agus ar na tionscnaimh a glacadh chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh i gcomhlíonadh na gceanglas mar atá leagtha amach i Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2009 (Éifeachtacht Chríoch-úsáid Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), (I.R. Uimh. 542 de 2009).

### Tomhaltas Fuinnimh na Roinne Cosanta 2013

Lean an Roinn Cosanta ar aghaidh ag glacadh cur chuige an-ghníomhach i leith tionscnamh atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de ar fud na bhfoirgneamh sa Droichead Nua, sa Rinn Mhór agus i Ros Cré in 2013.

Mar chuid de chuspóir an Rialtais tomhaltas fuinnimh ar fud na hEarnála Poiblí a laghdú de 33% in 2020 (in aghaidh bhunlíne 2009), bhí ionadaithe ó Fhoireann Fuinnimh na Roinne rannpháirteach go gníomhach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) i monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus bunbhlianta a bhunú chun críocha tuairiscithe.

**An Droichead Nua**
Tógadh foirgneamh na Roinne sa Droichead Nua go cúramach ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de agus mar thoradh air sin tá rialuithe soilsithe éifeachtach ó thaobh fuinnimh ann, tá córas aerchóirithe uathoibríoch ann mar aon le millíní adhmaid mar an phríomhfhoinse teasa. Ó aistríodh chuig an bhfoirgneamh go déanach in 2010, leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí chun úsáid fuinnimh a laghdú tuilleadh agus in 2013, áiríodh ar na hiarrachtaí sin, PCanna a mhúchadh lasmuigh d'uaireanta oifige.

Ba ionann an fuinneamh iomlán a thomhail foirgneamh an Droichid Nua agus 1,814,492 kWh agus léirítear ann laghdú de thart ar 7.4% i gcomparáid le 2011, sa chéad bliain iomlán áitíochta.

**An Rinn Mhór**
Le 12 mí anuas, lean Oifig na Rinne Móire ar aghaidh ag cur le héachtaí a baineadh amach cheana féin ó thaobh chaomhnú fuinnimh de nuair a cuireadh isteach soilsiú seachtrach LED atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de. Nuair a dhéantar comparáid leis an mbunbhliain 2007, léiríonn an úsáid iomlán in 2013 de 603,489 kWh laghdú san úsáid fuinnimh de 32%.

**Ros Cré**
Chuaigh an Brainse Cosanta Sibhialta i Ros Cré i mbun feachtais fheasachta fuinnimh a bhí an-fhorghníomhach lenár áiríodh meabhrúcháin rialta don fhoireann soilse agus fearais eile a mhúchadh nuair nach mbíonn siad ag teastáil. Rinneadh sceidil an Chórais Bhainistíochta Foirgnimh (BMS) a athrú go rialta chun cur le riachtanais áitíochta agus mar thoradh air sin bhí tréimhsí teasa agus fuaraithe níos lú ann ar fud an fhoirgnimh i rith na bliana.


Ba ionann an úsáid fuinnimh iomlán in oifig Ros Cré in 2013 agus 368,842 kWh, rud a léiríonn laghdú 27% i gcomparáid le figiúirí 2007.

**Feachtas Oifig na nOibreacha Poiblí chun Cumhacht a Bharrfheabhsú ag an Obair**
Thuairisc an Roinn Cosanta éachtaí in 2013 trí rannpháirtíocht leanúnach i bhFeachtas Oifig na nOibreacha Poiblí chun Cumhacht a Bharrfheabhsú ag an Obair. Ag na Searmanais Gradam Réigiúnacha anuraidh, roghnaigh an OPW foirgneamh na Rinne Móire don chatagóir 'An Fhoireann Fuinnimh is Fearr' agus ainmníodh oifig Ros Cré mar an 'Foirgneamh Aerchóirithe is Fearr'.

**Astuithe CO2**
Leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí CO2 a laghdú ar fud na bhfoirgneamh ar fad agus léirigh foirgnimh na Roinne Móire agus Ros Cré araon laghdú foriomlán de thart ar 30% i gcomparáid le figiúirí 2007 agus sa Droichead Nua bhí laghdú 4% ar tháirgiúlacht iomlán CO2 ón mbunbhliain 2011.

### Tomhaltas Fuinnimh na Roinne Cosanta 2013

In 2013, d'úsáid Óglaigh na hÉireann 211,913 MWh d'fhuinneamh. Léiríodh leis sin laghdú sa Tomhaltas Fuinnimh foriomlán de 3,839.16 MWh (1.78%) faoi bhun thomhaltas 2012 de 215,752.16 MWh. Ar an iomlán, laghdaigh Óglaigh na hÉireann a thomhaltas fuinnimh de 12.2% ó 2010.





*Fíor A.4.1 Tomhaltas Fuinnimh Iomlán Óglaigh na hÉireann 2010 - 2013*

Ba iad na príomhfhoinsí d'úsáid fuinnimh laistigh d'Óglaigh na hÉireann i rith 2013 ná fóntais lenar áiríodh Leictreachas, Gás Nádúrtha, LPG agus Ola Téimh agus Breosla Iompair lena n-áirítear Breosla Eitlíochta, Breosla Mara agus Díosal agus Peitreal Bóthair.

Tá an tomhaltas iomlán do gach úsáid fuinnimh liostaithe thíos:


- Fuinneamh — 32, 399 MWh
- Gas Nádúrtha — 29, 117 MWh
- Ola Téimh — 20, 191 MWh
- LPG — 7, 294 MWh
- Díosal Mara — 64, 648 MWh
- Breosla Eitlíochta — 33, 499 MWh
- Díosal agus Peitreal Bóthair — 24, 766 MWh

Ba iad na seacht suiteáil ba mhó ídithe fuinnimh a chaith os cionn 80% d'Ídiú Fuinnimh Óglaigh na hÉireann in 2013. Is iad sin Dún Uí Choileáin, Dún Chathail Bhrugha, Dún Mhic Aoidh, Dún Chostúim, Bunáit Chabhlaigh Inis Sionnach, Aeradróm Mhic Easmuinn Bhaile Dhónaill agus an DFTC agus tá na suiteálacha seo ar fad deimhnithe maidir leis an gcaighdeán bainistíochta fuinnimh idirnáisiúnta ISO 50001 agus leantar ar aghaidh ag déanamh dlúthmhonatóireacht ar a gcuid feidhmíochta. Leanann Feidhmeannas Sinsearach Fuinnimh Óglaigh na hÉireann ag cur éifeachtúlachtaí chun cinn maidir le bainistiú fuinnimh. Ag na Gradaim Fuinneamh Inmharthana, bhuaigh Óglaigh na hÉireann Gradam na hEarnála Poiblí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don obair a rinne an tSeirbhís Chabhlaigh a lean straitéis agus clár gníomhaíochtaí a bhí bunaithe ar chaighdeán ISO 50001.




*Fíor A.4.2- Úsáid Fuinnimh Óglaigh na hÉireann (%) 2013*

Sa chairt seo a leanas, léirítear an úsáid ghaolmhara a bhaintear as iompar agus as fóntais. Is iad na húsáideanna is suntasaí a bhaintear fós as Fuinneamh Óglaigh na hÉireann ná Ola Gháis Mhara (30%), Breosla Eitlíochta (16%) agus Leictreachas (15%).




*Fíor A. 3.3- Úsáid Fuinnimh Óglaigh na hÉireann (%) 2013*